1 Conradh Seirbhíse idir Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Forbartha Áitiúla dár dáta 18 Nollaig 2002
2 Rialachán (AE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002.

Cláir Mhonatóireachta

Cuirtear cláir mhonatóireachta ar bun do na trí bhiaghrúpa éagsúla a bhfuil TIUanna bunaithe dóibh, bia de bhunadh planda (lena n-áirítear torthaí agus glasraí), gránaigh agus bia de bhunadh ainmhí (feoil, bainne, mil agus táirgíocht déirí). Tugann oifigigh ón SRL faoin tsampláil a dhéantar ar bhia de bhunadh planda agus gránaigh agus tugann baill ó Chigearachtaí Eolaíochta Déiríochta, Gairneoireachta agus Tréidlíochta an RTB faoin tsampláil a dhéantar ar bhia de bhunadh ainmhí.

Glacann an clár monatóireachta don bhliain 2006, ar comhaontaíodh é leis an ÚSBÉ, na nithe seo a leanas san áireamh -

i an clár a mholann an Coimisiún Eorpach[3],
ii patrúin ionghabhála cothaithe thomhaltóirí na hÉireann[4],
iii próifíl iarmhair na dtráchtearraí de réir a bunaíodh ó thorthaí an chláir mhonatóireachta sna blianta roimhe sin,
iv torthaí ó chláir bhallstát eile agus clár comhordaithe an AE,
v sonraí díolacháin lotnaidicídí,
vi láimhseáil/próiseáil bhia roimh ithe.

Léirigh líon iomlán na samplaí gnáthaimh monatóireachta a ndearnadh anailís orthu, arbh ionann é agus 1328, acmhainn na saotharlainne chun samplaí a cuireadh ar aghaidh in 2006 a phróiseáil agus tagann siad le líon na samplaí a ndearnadh anailís orthu in 2004 agus 2005. Ba í 2006 céad bhliain na n-oibríochtaí ag na saoráidí nua i mBacastún. Úsáideadh acmhainní suntasacha laistigh den tsaotharlann, mar a úsáideadh na blianta roimhe sin, chun córais agus nósanna imeachta a chothabháil chun a thacú le creidiúnú INAB[5] na saotharlainne a ghnóthú de réir cheanglais na dTreoracha 89/397/CE[6] agus 93/99/CE[7] ón gComhairle. Tá creidiúnú ag an tsaotharlann faoi láthair a thagann le caighdeán ISO 17025 chun anailís a dhéanamh ar iarmhair lotnaidicíde i mbia de bhunadh planda agus de bhunadh ainmhí araon, trí úsáid a bhaint as teicníochtaí crómatagrafacha gáis. Leathnófar scóip an chreidiúnaithe sin in 2007 chun lotnaidicídí agus tráchtearraí bia breise a thabhairt san áireamh agus léireoidh sé modhanna anailíseacha breise agus úsáid á baint as HPLC/MS/MS atá á dtabhairt san áireamh sa chlár saotharlainne.

Is é an clár monatóireachta an príomh-mhodh chun a fhíorú go n-úsáidtear táirgí cosanta planda (lotnaidicídí) de réir *Dea-Chleachtais Talmhaíochta*. Tá an clár monatóireachta riachtanach má táthar chun mí-úsáid táirgí dlíthiúla agus úsáid táirgí mídhleathacha a aimsiú agus má táthar chun deireadh a chur leis. Féadtar mí-úsáid a bhaint as táirgí údaraithe cosanta planda ar roinnt bealaí éagsúla, m.sh. úsáid rátaí dáileoga iomarcacha, gan aon mheas a léiriú ar na híostréimhsí a sonraíodh idir an úsáid dheireanach agus fómhar barraí a dhéanamh (.i. eatraimh roimh fhómhar barraí) agus úsáid chun críoch nach bhfuil aon údarás tugtha dóibh (.i. úsáidí mídhleathacha). Nuair a úsáidtear iad de réir an *Dea-Chleachtais Talmhaíochta* níor chóir go mbeadh leibhéil do-ghlactha iarmhair lotnaidicíde sa táirge cóireáilte.

3 Moladh ón gCoimisiún dár dáta 1 Márta 2005, lena mbaineann clár monatóireachta comhordaithe Pobal don bhliain 2005 chun a chinntiú go gcomhlíontar na huasleibhéil iarmhair lotnaidicíde i ngránaigh agus orthu chomh maith le táirgí áirithe eile de bhunadh planda (2005/178/CE) IO Uimh L 61/31 an 8 Márta 2005.
4 IUNA, Bunachar Sonraí um Ithe Bia Thuaidh-Theas 2001.
5 Bord Náisiúnta Creidiúnaithe na hÉireann
6 Treoir ón gComhairle dár dáta 14 Meitheamh 1989 maidir le rialú oifigiúil earraí bia. (89/397/CE) IO Uimh. L 186 an 30.6.1989
7 Treoir ón gComhairle dár dáta 29 Deireadh Fómhair1993 maidir le hábhar bearta breise i leith rialú oifigiúil earraí bia. (93/99/CE)IO Uimh. L 290 an 24.11.1993

De réir Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Substaintí Gníomhacha Áirithe i dTáirgí Cosanta Plandaí a Thoirmeasc) 1981 go dtí 1990, tá cosc ar mhargaíocht a dhéanamh ar tháirgí áirithe cosanta planda agus ar úsáid a bhaint astu mar thoradh ar rioscaí ar shláinte daoine nó ar an gcomhshaol a bhaineann lena n-úsáid. Feidhmíonn an clár monatóireachta iarmhair mar tháscaire chomh maith ar leibhéal an chomhlíonta leis na forálacha sin.

A SAMPLÁIL TORTHAÍ AGUS GLASRAÍ

Bíonn sampláil ghnáthaimh dírithe ar thráchtearraí bia lena mbaineann an tábhacht is mó cothaithe. Glactar samplaí go randamach laistigh de ghrúpaí áirithe tráchtearraí. Déantar idir táirgíocht intíre agus onnmhairithe a shampláil, go príomha ag oifigigh údaraithe den tSeirbhís Rialaithe Lotnaidicídí ag an leibhéal mórdhíola. Cinntíonn an cur chuige sin go léiríonn na samplaí a ghlactar na patrúin ithe agus cuireann sé an deis ar fáil chun gníomhartha a ghlacadh, nuair is gá, roimh dháileadh.

Dírítear ar thorthaí agus glasraí de bhunadh sonrach, mar chuid den chlár imscrúdaithe ar shárú, chun aird speisialta a thabhairt orthu, i gcásanna ina bhfuarthas iarmhair ag leibhéil os cionn TIUanna tar éis sampláil ghnáthaimh. Nuair a dhírítear ar tháirge le haghaidh sampláil reachtúil, cibé mar thoradh ar fhaisnéis a bailíodh trí mhonatóireacht ghnáthaimh nó tar éis Foláireamh Bia a d'eisigh ÚSBÉ nó fógra Mear-Fholáirimh a chuir an Coimisiún Eorpaigh chuig USBÉ, déantar an lota sampláilte a fhorghabháil ar feitheamh anailíse. Cinneann na torthaí anailíse cineál an ghnímh atá le glacadh i gcónaí maidir leis an táirgíocht fhorghabháilte. I gcás ina léiríonn na torthaí sárú soiléir ar TIU, agus neamhchinnteacht anailíseach á tabhairt san áireamh, ní cheadófar an táirgíocht a chur ar fáil sa mhargadh agus cuirfear tús le himeachtaí dlí de ghnáth.

B SAMPLÁIL GRÁNACH

Baineann an phríomhcúis imní maidir le gránaigh le hiarmhair a thagann chun cinn mar thoradh ar úsáid táirgí cosanta planda tar éis fómhar barraí. Tá an clár reatha samplála do ghránaigh teoranta, ar chúiseanna praiticiúla, do shampláil agus anailís ghráinní a úsáidtear sna tionscail mhuilleoireachta, bhrachaidh agus ghránach bricfeasta. Déantar gránaigh agus táirgí gránaigh de bhunadh intíre agus allmhairithe a shampláil ar bhonn randamach, ag an bpointe cóimeála nó stórála ag oifigigh údaraithe na SRL.

C SAMPLÁIL BHIA DE BHUNADH AINMHÍ

Glactar samplaí randamacha de shaill bhuaibheach, mhuice, chaorach, éanlaithe agus fiafheola ó roinnt monarchana feola ar fud na tíre. Déantar táirgíocht déirí a shampláil ag monarchana táirgeachta nó pointí cóimeála. Ní bhaineann na samplaí a ndéantar anailís orthu ach le táirgíocht intíre. Tagann na samplaí feola a ndéantar anailís orthu ó ainmhithe aonair. Is léiriú gach sampla táirgíochta déirí ar choinsíneacht áirithe bhuilc. Tugann oifigigh údaraithe de Chigearachtaí Eolaíochta Déiríochta agus Tréidliachta na RTIB faoin tsampláil ar an táirgíocht feola agus déirí.

D SAMPLAÍ DE THÁIRGÍ ILGHNÉITHEACHA

Faightear samplaí gearáin nó inamhrais ó am go ham le hanailís a dhéanamh orthu ag an RTIB, Seirbhísí eile Stáit, Údaráis Áitiúla, tomhaltóirí agus páirtithe eile leasmhara.

E NÓSANNA IMEACHTA ANAILÍSEACHA

Baineann cineál iliarmhar leis na modhanna anailíse a úsáidtear san chuid is mó de na cásanna, cur chuige a dhéanann éascaíocht don uasmhéid aschuir ón tsaotharlann atá indéanta. Braitheann aimsiú agus dearbhú na n-iarmhar lotnaidicíde i samplaí bia ar úsáid brathadóirí sonracha agus i gcás ina bhfuil colúin chrómatagrafacha ábhartha de pholaraíocht éagsúil. Déantar cinntí cainníochtúla trí -

(i) comparáid a dhéanamh le caighdeáin sheachtracha, agus
(ii) i gcás torthaí, glasraí agus gránach, úsáid a a bhaint as cuar calabrúcháin de chaighdeáin mhaitrís-chomhoiriúnaithe.

Déantar anailís ar shamplaí ag úsáid crómatagrafacht gháis den chúid is mó. Is é mais-speictriméadracht an príomh-mhodh a úsáidtear chun iarmhair atá i láthair a aimsiú agus a aithint.

Úsáideadh modh ailtéarnach iliarmhair agus úsáid á baint as HPLC/MS/MS, chun iarmhair beinsimíodasóil a bhrath. Ní raibh an modh anailíse le haghaidh lotnaidicídí beinsimíodasóil ina mhodh creidiúnaithe in 2006.

Cuirtear tagairtí do na modhanna anailíseacha a úsáidtear ar fáil in Aguisín IV.

DEARBHÚ CÁILÍOCHTA

Cloítear le nósanna imeachta gnáthaimh um dhearbhú cáilíochta laistigh den tsaotharlann de réir na gcleanglas a shonraítear chun creidiúnú i leith an chaighdeán ISO 17025 a chothabháil. Ghlac an tsaotharlann páirt in dhá staidéar inniúlachta i rith 2006, arna maoiniú ag an gCoimisiún Eorpach, chomh maith le hocht staidéar eile, arna eagrú ag an *Food Analysis Performance Assessment Scheme* (FAPAS)[8] sa Ríocht Aontaithe. Bhí na torthaí a fuair an tSaotharlann Rialaithe Lotnaidicídí sna staidéir inniúlachta sin inghlactha i ngach cás ach amháin toradh amháin do chairbeandaisim nuair a soláthraíodh toradh mícheart toisc gur tharla earráid ríofa.

Rinneadh anailís ar 153 éigin lotnaidicíd in 2006 sna samplaí go léir agus carbamáití bisdéthiaeitiléine (EBDCanna) á gcinntiú i líon níos ísle samplaí. Comhfhreagraíonn líon na n-iarmhar lotnaidicídí i samplaí a bhfuil anailís á déanamh orthu leis an líon i samplaí a bhfuil anailís á déanamh orthu don ráithe dheireanach den bhliain 2004. Méadaíodh acmhainn an tsaotharlann i rith 2006 nuair a tugadh isteach teicneolaíocht nua anailíseach agus breisbhailíocht mhodha chun go raibh sí in ann anailís a dhéanamh le haghaidh líon níos airde iarmhar lotnaidicíde, a bheidh na tairbhí air sin soiléir i gclár oibre na bliana 2007.

8 Is trádmharc é an FAPAS den UK Department of the Environment, Food and Rural Affairs [DEFRA]

TORTHAÍ AGUS PLÉ

A TORTHAÍ AGUS GLASRAÍ

Clár Monatóireachta Gnáthaimh

Tugtar achoimre ar thorthaí chlár monatóireachta 2006 le haghaidh torthaí agus glasraí i dTábla 1 thíos. Léirítear mionsonraí de na samplaí anailísithe agus na cinn ina bhfuarthas iarmhair lotnaidicídí i dTábla 2.

In 2006, rinneadh anailís ar 909 samplaí gnáthaimh, 75 cineál éagsúla torthaí agus glasraí (úr nó triomaithe) agus 21 cineál éagsúla táirgí torthaí agus glasraí próiseáilte le haghaidh ábhar iarmhair lotnaidicíde iontu. Bhí 18.5% de na samplaí a glacadh de bhunadh intíre, bhí 43.6% ina n-allmhairithe ó thíortha eile an AE, 31% acu ina n-allmhairithe ó thíortha lasmuigh den AE agus níorbh fhios cén bunadh a bhí ag 7% eile acu. Is suimiúil an rud é a thabhairt faoi deara chomh maith gur tháinig 42% de na samplaí a allmhairíodh ó thíortha eile an AE ón Spáinn. Rinneadh anailís ar shamplaí le haghaidh iarmhar suas go 153 lotnaidicíd agus meitibilít (Aguisín V). Ní raibh aon iarmhair inbhraite lotnaidicíde i 48.2% de na samplaí a ndearnadh anailís orthu, bhí iarmhar amháin nó níos mó inbhraite le fáil i 48.8% acu ag leibhéil níos ísle ná an TIU reachtúil agus bhí leibhéil iarmhair le fail i 2.9% de na samplaí a bhí os cionn an TIU reachtúil.

Cuirtear mionsonraí na n-iarmhar a bhraitear ar fáil i dTábla 2 agus i bhFigiúirí 1, 2 agus 3 thíos. Ar an iomlán, braitheadh iarmhair 72 lotnaidicíd éagsúla in 2006. Tá TIUanna AE ann do 52 de na comhdhúileacha sin ach níor socraíodh aon cheann do na 20 lotnaidicíd a bhí fágtha in 2006. Tá Rialachán 396 de 2005 ag tabhairt faoi TIUanna a bhunú faoi láthair do na lotnaidicídí go léir i mbia. Beidh sé sin i bhfeidhm go hiomlán ó mhí Mheán Fómhair 2008 agus cinnfidh sé inghlacthacht na n-iarmhar lotnaidicíde go léir a fhaightear i mbia.

Figiúr 1. Foinse na samplaí F/V a ndearnadh anailís orthu in 2006





Figiúr 3: Réimse dlúis na n-iarmhar lotnaidicíde a aimsíodh in T & G in 2006



Ba iad tiaibeindeasól (12.2%), ipróidé-ón (6.8%), clóraipireafos (6.2%), défheiniolaimín (5.5%), captan (5.0%), próclóras (4.2%), an grúpa beinimile (cairbeandaisim) (3.9%), iomasailil (3.5%), malaitian (2.9%), próicímeadón (2.9%), própairgít (2.8%), cipróidinil (2.5%), ciaipeirmeitrin (2.5%), meitíodaitión (2.2%), falpeit (2.2%), carbairil (2.1%), teibeaconasól (2.1%), tolafluainid (2.0%), clóratailinil (1.9%), fludocsainil (1.8%), pirimeatanail (1.8%) agus asocsastróibin (1.8%) na lotnaidicídí is coitianta a braitheadh sna samplaí dearfacha sa chlár monatóireachta gnáthaimh. Ar na lotnaidicídí eile a braitheadh sna samplaí a ndearnadh anailís orthu, bhí aisínfós-meitile, beinilaicsil, dé-feintrin, déteirteanól, brómapróláit, búiphirimáit, carbófúrán, clórprófam, clóirfeinveanfos, ciproconasól, deiltemeitrin, deimeaton-s-me-fone, déchlófluainid, déchófól, démheitiáit/óimeatóáit, ionsulfán, est-feanvailéaráit, féinearamól, feineicseaimíd, feinítriton, feanpróp áitrin, feintión, fluidé-ocsainil, flúsaileasól, tó-flúbalionáit, creasocsaim-meitile, lambda-cihaileatrin, lionúrón, an grúpa mainéibe, meipeanipirin, miotalaicsil, meiteacharb, micleabútainil, ocsaidiocsail, fosalón, fosmeit, pirimicharb, pirimifos-me, propiconazole, próipisimíd, pimeitreasín, pireaclostróbain, pirimeatanail, siomaisín, teibeaconasól, tiofanáit-meitile, tolclofos-meitile, tolafluainid, triadimefon/ triadiminol, tríflúrailín agus fíoncleasóilín. Rinneadh anailís ar líon teoranta in 2006 le haghaidh iarmhar carbamáití bisdéthiaeitiléine agus nuair a braitheadh iarmhair tugadh tuairisc orthu sin i dTábla 2. Tá an ráta braite le haghaidh iarmhair áirithe lotnaidicíde in 2006 cosúil leis an ráta a bhí ann don bhliain 2005. Ba iad iarmhair tiaibeindeasóil a bhí ina n-iarmhair is coitianta a braitheadh arís in 2006, agus bhí laghdú suntasach sa líon cásanna inar braitheadh iarmhair ipróidé-óin agus grúpa beinimile. Ar an iomlán, bhí an líon cásanna inar braitheadh lotnaidicídí níos ísle nuair a cuireadh i gcomparáid le torthaí 2005 iad. D'fhéadfadh gur toradh é sin ar an líon níos airde samplaí próiseáilte a ndearnadh anailís orthu in 2006 ach i roinnt cásanna, cosúil le cás na cairbeandaisime, is dócha gur léiriú é chomh maith ar chinntí ag leibhéal an AE chun srian a chur ar líon na n-úsáidí faofa do lotnaidicídí ainmnithe i dtáirgí cosanta planda. Níl aon sainmhíniú soiléir ar líon níos ísle na gcásanna inar braitheadh iarmhair ipróidé-óin agus ar an laghdú sa mhinicíocht ó 11.3% in 2005 go dtí 6.8% in 2006. Ba iad Clóraipireafos, malaitian agus ciaipeirmeitrin na lotnaidicídí is coitianta a braitheadh agus líon na gcásanna braite cosúil le líon 2005.

Úsáidtear tiaibeindeasól den chuid is mó mar fhungaicíd tar éis fómhar barraí agus braitheadh é go príomha i dtorthaí citris, coimhthíocha agus úlla. Úsáidtear ipróidé-ón le raon leathan barraí (braitheadh iarmhair i 20 cineál barra éagsúla) agus úsáidtear ar thorthaí agus ar ghlasraí é. Braitheadh iarmhair clóraipireafois go príomha i dtorthaí citris ach aimsíodh é chomh maith i bpóma (m.sh úlla, piorraí srl), torthaí coimhthíocha (m,sh. mangónna, páiseoga, papaya, srl.) agus i nglasraí fréimhe (m.sh. Cairéid, tornapaí, meacain bhána srl.). Fuarthas iarmhair défheiniolaimíne ar úlla agus piorraí amháin den chuid is mó, rud a thagann lena phríomhúsáid chun scalladh úill a rialú. Braitheadh iarmhair captain go príomha in úlla, piorraí, i dtorthaí citris agus caora. Aimsíodh iarmhair próclórais go príomha i dtorthaí citris agus i dtorthaí trópaiceacha ilghnéitheacha agus roinnt iarmhar á n-aimsiú i muisiriúin agus leitís. Braitheadh iarmhair carbendazim go príomha i dtorthaí citris agus póma. Fuarthas iarmhair chomh maith i dtorthaí cloch, coimhthíocha agus caora. Tugtar mionsonraí na n-iarmhar go léir a braitheadh sna torthaí agus glasraí i dTábla 2.

Ar an iomlán, fuarthas iarmhair lotnaidicíde i 209 sampla (23%), fuarthas iarmhair dhá lotnaidicíd i 123 sampla (13.5%), fuarthas iarmhair trí lotnaidicíd i 67 sampla (7.3%), fuarthas iarmhair ceithre lotnaidicíd i 40 sampla (4.4%), fuarthas iarmhair cúig lotnaidicíd i 15 sampla (1.6%), fuarthas iarmhair sé lotnaidicíd in dhá shampla (0.2%), fuarthas iarmhair seacht lotnaidicíd in dhá shampla (0.2%) agus fuarthas iarmhair ocht lotnaidicíd in dhá shampla (0.2%).

Fuarthas iarmhair lotnaidicíde os cionn TIU i sé shampla gnáthaimh monatóireachta is fiche. Fuarthas iarmhair os cionn TIU i 7 sampla (4.4 %)(leitís x4, spionáiste, cairéad agus mearcan bán) den 158 sampla de bhunadh intíre, agus aimsíodh iarmhair os cionn TIU i 7 gcinn (1.7%) de na 410 sampla a tháinig ó thíortha eile an AE agus aimsíodh iarmhair os cionn TIU i 12 sampla (4.4%) ó na samplaí a bhí fágtha a tháinig ó thíortha nach raibh san AE.

Bhí TIUanna a bunaíodh ag an teorainn chinntiúcháin (TAC) i gceist i naoi sampla dhéag de na 26 sampla a raibh iarmhair lotnaidicídí iontu a bhí os cionn an TIU. Bhain aon chás déag inar sáraíodh an TIU le bia a meastar nach bhfuil ach tábhacht theoranta chothaithe acu (Cíobhaí x1, litchi x1, anann x1, gránúll x1, rambutan x1, sponáiste x1, cúirséad x1, fraochán gorm x1, meacan bán x1, mangó x1, pluma x1), agus meastar go bhfuil na cúig shampla dhéag eile (úll x1, oráiste x2, mandairín x3, satsúma x1, soilire x1, cairéad x1, leitís x4, péitseog x2) níos tábhachtaí ó thaobh cothaithe de. Déantar cur síos ar na meastacháin d'ionghabháil chothaithe le haghaidh na lotnaidicídí a braitheadh sna barraí sin i dTábla 17. I gcás na gcairéad, bhí an ionghabháil measta cothaithe os cionn pointí deiridh tocsaineolaíocha na hIonghabhála Laethúla Inghlactha agus na Géardháileoga Cothaithe ach nuair a glacadh a thuilleadh breithnithe praiticiúla san áireamh (baint an chraicinn agus an bhairr), measadh nach raibh na hiarmhair a braitheadh mar bhagairt dho-ghlactha ar shláinte thomhaltóirí na hÉireann.

I gcás na lotnaidicídí nach úsáidtear san Aontas Eorpach ach a d'fhéadfaí a úsáid i dtíortha eile, bunaítear TIUanna go minic ag an teorainn chinntiúcháin (LOD), rud a léiríonn nach bhfuil aon úsáid údaraithe laistigh den AE. Ní bhaineann bagairt dhoghlactha do thomhaltóirí de ghnáth le hiarmhair os cionn TIUanna den saghas sin i dtáirgí allmhairithe (.i. sáruithe teicniúla TIU). Chomhfhreagair gach ceann den dá shárú dhéag ar TIU AE in 2006 i dtáirgí a allmhairíodh ó thíortha lasmuigh den AE le himthosca inar bunaíodh TIU AE ag an teorainn chinntiúcháin. Ba chóir aimhrialtachtaí mar sin a réiteach in am is i dtráth trí phlé ag an Eagraíocht Dhomhanda Trádála agus trí leanúint ar aghaidh ag déanamh comhoibriú idir an AE agus grúpaí táirgeoirí bia i dtíortha den tríú domhan.

Bhain 19 sampla as na 26 sampla, ar braitheadh leibhéil os cionn an TIU iontu, leis an teorainn chinntiúcháin, a d'eascair seacht gcinn (dhá cheann in Éirinn agus cúig chinn ó thíortha an AE) as úsáid mhídhleathach a bhaint as táirge cosanta planda ar na barraí sin laistigh den AE. I gcás na seacht sampla a bhí fágtha, ar bhain gach ceann acu le tíortha laistigh den AE, nuair a aimsíodh TIU os cionn na teorann cinntiúcháin, léiríonn an sárú TIU nár úsáideadh na táirgí ábhartha cosanta planda de réir an dea-chleachtais mholta talmhaíochta do na táirgí sin. Is cosúil gur úsáideadh an-iomarca den táirge nó gur baineadh na barraí gan aon aird a thabhairt ar an tréimhse mholta siarchoinneála.

Samplaí torthaí agus glasraí orgánacha.
Rinneadh anailís ar 49 sampla de thorthaí agus glasraí a fásadh go horgánach in 2006. Níor aimsíodh aon lotnaidicídí i 41 de na samplaí sin ach braitheadh rianiarmhair lotnaidicíde ag an teorainn chinntiúcháin nó os cionn na teorann in ocht gcinn (16.3%), trí chinn ón Spáinn, trí chinn ón Iodáil agus ceann amháin ón tSíle agus ó Uragua. Is dearbhú iad na torthaí ar an eolas a fuarthas in 2005, a léirigh go raibh rianiarmhair lotnaidicídí i gcéatadán beag de na torthaí agus glasraí orgánacha a ndearnadh anailís orthu cé nach raibh aon lotnaidicídí san chuid is mó acu. Léiríonn na torthaí méadú, nuair a chuirtear i gcomparáid iad le torthaí 2005, i leibhéal braite na n-iarmhar lotnaidicíde ó 7.5% de na samplaí in 2005 go dtí 16.3% de na samplaí in 2006. Cuireann na hiarmhair lotnaidicíde sin in iúl gur úsáideadh táirgí cosanta planda go luath i gcúrsa fáis na mbarraí sin nó gur éillíodh na samplaí ar mhodh éigin le lotnaidicídí le linn láimhseála tar éis bainte. Ní bhaineann aon riosca ar aon nós leis na hiarmhair a braitheadh do thomhaltóirí na dtorthaí agus na nglasraí orgánacha sin cé go spreagann sé ceisteanna faoi na córais táirgeachta a úsáideadh. Tugtar mionsonraí thorthaí na samplaí orgánacha a ndearnadh anailís orthu i dTáblaí 10 agus 11.

Samplaí torthaí agus glasraí próiseáilte.
Rinneadh anailís in 2006, ar 85 éigin sampla de thorthaí agus glasraí próiseáilte chun leibheál na n-iarmhar lotnaidicíde a chinntiú. Ba shúnna torthaí nó glasraí iad seacht sampla is daichead acu agus ba thorthaí nó glasraí stánaithe iad an chuid eile. Léiríonn na torthaí anailíseacha nach raibh aon iarmhair inbhraite lotnaidicíde i dtromlach na samplaí, 94%, agus san 6% de na samplaí a raibh iarmhair inbhraite iontu, bhí an tiúchan ann ag leibhéil a bhí an-íseal ar fad agus 0.1mg/kg ar an luach ab airde. Cuireann na leibhéil ísle sin d'iarmhair lotnaidicíde in iúl nach bhfuil ach aistriú beag iarmhar lotnaidicíde i gceist ó thorthaí nó glasraí amha go dtí an táirge próiseáilte nó nach bhfaigheann torthaí agus glasraí a úsáidtear le haghaidh próiseála an leibhéal céanna cóireála lotnaidicíde sula mbaintear iad. Braitheadh cúig lotnaidicíd éagsúla sna cúig shampla (6.3% de shamplaí) ar aimsíodh iarmhar inbhraite iontu, ar bhain tiúcain éagsúla ó 0.02mg/kg go 0.1mg/kg leo. Dearbhaíonn na torthaí sin sonraí ó bhlianta roimhe sin a léiríonn líon níos ísle cásanna iarmhar lotnaidicíde i dtorthaí próiseáilte i gcomparáid le torthaí/glasraí amha agus go bhfuil na hiarmhair a aimsítear ag leibhéil an-íseal ar fad.

Cuirtear na torthaí ar fáil i dTáblaí 12 agus 13 thíos.

9 Conradh Seirbhíse idir Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Forbartha Áitiúla dár dáta 18 Nollaig 2002
10 Rialachán (AE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002.
11 Moladh ón gCoimisiún dár dáta 1 Márta 2005, lena mbaineann clár monatóireachta comhordaithe Pobal don bhliain 2005 chun a chinntiú go gcomhlíontar na huasleibhéil iarmhair lotnaidicíde i ngránaigh agus orthu chomh maith le táirgí áirithe eile de bhunadh planda (2005/178/CE) IO Uimh L 61/31 an 8 Márta 2005.
12 IUNA, Bunachar Sonraí um Ithe Bia Thuaidh-Theas 2001.
13 Bord Náisiúnta Creidiúnaithe na hÉireann
14 Treoir ón gComhairle dár dáta 14 Meitheamh 1989 maidir le rialú oifigiúil earraí bia. (89/397/CE) IO Uimh. L 186 an 30.6.1989
15 Treoir ón gComhairle dár dáta 29 Deireadh Fómhair1993 maidir le hábhar bearta breise i leith rialú oifigiúil earraí bia. (93/99/CE)IO Uimh. L 290 an 24.11.1993
16 Is trádmharc é an FAPAS den *UK Department de the Environment, Food and Rural Affairs* [DEFRA]
25 Bia a chaitheamh agus measúnú ar nochtadh do cheimiceáin. Tuarascáil chomhchomhairle FAO/WHO, An Ghinéiv, An Eilvéis, 10-14 Feabhra 1997, WHO/FSF/FOS/97.5

Tábla a 1: Torthaí agus glasraí a ndearnadh anailís orthu maidir le hiarmhar lotnaidicíde in 2006

Tráchtearra	Líon Samplaí faoi Anailís	Líon na Samplaí Éireannacha	Líon na Samplaí ón Iasacht	Iarmhair >MRL	Iarmhair MRL	Iarmhair ND
ÚLL	84	1	83	1	61	22
SÚ ÚILL	10	0	10	0	2	8
AIBREOG	2	0	2	0	0	2
AIBREOG – I STÁN	2	0	2	0	0	2
UBHTHORADH	14	0	14	0	3	11
ABHACÁD	7	0	7	0	5	2
BANANA	18	0	18	0	10	8
SMÉAR DHUBH	4	0	4	0	3	1
SÚ CHUIRÍNÍ DUBHA	3	0	3	0	0	3
FRAOCHÁN GORM	4	0	4	1	1	2
SÚ FHRAOCHÁIN GHORMA	1	0	1	0	0	1
BROCAILÍ	7	1	6	0	4	3
BACHLÓG BHRUISÉILE	1	1	0	0	0	1
CABÁISTE	4	2	2	0	2	2
CAIRÉAD	42	14	28	1	20	21
SÚ CAIRÉID	2	0	2	0	0	2
CÓILIS	16	9	7	0	4	12
SOILIRE	28	8	20	1	7	20
SILÍN	4	0	4	0	2	2
PIOBAR CILLÍ	1	0	1	0	1	0
CABÁISTE SHÍNEACH	1	0	1	0	0	1
DUILLEOGA SÍNEACHA	2	1	1	0	1	1
CLEIMINTÍN	17	0	17	0	16	1
CÚIRSÉAD	12	1	11	1	2	9
MÓNÓG	1	0	1	0	1	0
SÚ MÓNÓG	7	0	7	0	0	7
CÚCAMAR	7	1	6	0	4	3
DÁTA	1	0	1	0	0	1
EINDÍBH	7	1	6	0	5	2
SINSÉAR	2	0	2	0	0	2
SÚ FÍONCHAORA	2	0	2	0	0	2
TÁBLA FÍONCHAORA	21	0	21	0	12	9
SEADÓG	12	0	12	0	9	3
SÚ SEADÓG	2	0	2	0	0	2
SEADÓG (próis, stáin)	4		4	0	0	4
KIWANO	1	0	1	0	0	1
CÍOBHAÍ	15	0	15	1	4	10
CUMCUAT	1	0	1	0	0	1
LÍOMÓID	10	0	10	0	10	0
LEITÍS	59	29	30	4	31	24
LÍOMA	1	0	1	0	1	0
LITCHI	1	0	1	1	0	0
MANDAIRÍN	17	0	17	3	14	0
MANDAIRÍN (próis, stáin)	3	0	3	0	0	3
MANGÓ	12	0	12	1	8	3
MANGETOUT	3	1	2	0	1	2
MEALBHACÁN	6	0	6	0	1	5

Tráchtearra	Líon Samplaí faoi Anailís	Líon na Samplaí Éireannacha	Líon na Samplaí ón Iasacht	Iarmhair >MRL	Iarmhair MRL	Iarmhair ND
MUISIRIÚN	11	10	1	0	4	7
NEACHTAIRÍN	16	0	16	0	11	5
OINNIÚN	3	2	1	0	2	1
ORÁISTE	49	0	49	2	42	5
SÚ ORÁISTÍ	14	0	14	0	1	13
PAPAYA	3	0	3	0	3	0
PEIRSIL	1	1	0	0	0	1
MEACAN BÁN	13	12	1	1	10	2
PÁISEOG	3	0	3	0	0	3
PIS –(I GCOCHALL) (próis, stáin)	11	11	0	0	0	11
PIS GAN COCHALL	17	10	7	0	5	12
PÉITSEOG	11	0	11	2	5	4
PÉITSEOG, (próis, stáin)	6	0	6	0	0	6
PIORRA	44	0	44	0	33	11
PIORRA, (próis, stáin)	2	0	2	0	1	1
PIOBAR	15	2	13	0	5	10
PERSIMMON	1	0	1	0	0	1
ANANN	7	0	7	1	5	1
SÚ ANANN	4	0	4	0	0	4
ANANN, (próis, stáin)	5	0	5	0	0	5
PLUMA	23	0	23	1	10	12
PLUMA, (próis, stáin)	1	0	1	0	0	1
POMEGRANATE	2	0	2	1	1	0
PRÁTA MARGAIDH	49	28	21	0	8	41
SÚ PRÚNAÍ	1	0	1	0	0	1
SIOCAIRE DEARG	3	1	2	0	0	3
RÍSÍNÍ	2	0	2	0	1	1
RAMBUTAN	1	0	1	1	0	0
SÚ CRAOBH	5	1	4	0	2	3
SÚ CRAOBH, (próis, stáin)	1	0	1	0	0	1
CIARD DEARG	1	0	1	0	0	1
CUIRÍN DEARG	2	0	2	0	1	1
BIABHÓG	2	2	0	0	0	2
RUACHÁN	3	0	3	0	3	0
SATSÚMA	18	0	18	1	16	1
SCAROLE	2	1	1	0	0	2
DÁTPHLUMA SHEARÓN	3	0	3	0	1	2
SPIONÁISTE	6	1	5	1	1	4
OINNIÚN EARRAIGH	2	1	1	0	1	1
SCUAIS	1	0	1	0	0	1
SÚ TALÚN	26	8	18	0	20	6
SÚ TALÚN, (próis, stáin)	1	0	1	0	0	1
PRÁTA MILIS	4	0	4	0	0	4
TRÁTA	19	0	19	0	7	12
SÚ TRÁTA	3	0	3	0	0	3
TORNAPA	9	7	2	0	0	9
TORADH UGLI	1	0	1	0	1	0
BIOLAR	1	0	1	0	0	1
IOMLÁIN	**909**	**168**	**741**	**26**	**445**	**438**

Tábla 2: Iarmhair lotnaidicídí a aimsíodh i dtorthaí agus i nglasraí in 2006

Uimhir an tSampla	An Tír Bhunaidh	Lotnaidicíd a aimsíodh	Iarmhar (mg/kg)	UTI (mg/kg)
1. Torthaí	**1.1 Torthaí Citris**		**1.1.2 Cleimintín**	
68644	An Spáinn	clóraipireafos	0.1	2
		déchófal	0.09	2
		malaitian	0.08	2
68649	An Spáinn	clóraipireafos	0.16	2
		tiaibeindeasól	1.83	5
68658	Na hOileáin Chanáracha	clóraipireafos	0.02	2
		malaitian	0.03	2
68691	An Spáinn	clóraipireafos	0.06	2
		déchófal	0.05	2
68701	Maracó	cairbeandaisim	0.09	5
68771	An Spáinn	tiaibeindeasól	2.85	5
		clóraipireafos	0.13	2
		déchófal	0.06	2
68881	An Spáinn	clóraipireafos	0.19	2
		tiaibeindeasól	2.08	5
69243	Uragua	próclóras	0.12	10
69253	An Airgintín	clóraipireafos	0.13	2
		meitíodaitión	0.08	2
		próclóras	1.14	10
		malaitian	0.06	2
		tiaibeindeasól	3.01	5
69266	An Afraic Theas	défheiniolaimín	0.02	0.05
69356	An Airgintín	malaitian	0.32	2
		próclóras	1.61	10
		tiaibeindeasól	4.94	5
69442	An tSile	déchófal	0.28	2
69484	An tSile	tiaibeindeasól	0.59	5
		clóraipireafos	0.1	2
69639	An Spáinn	malaitian	0.28	2
		iomasailil	0.46	5
69841	An Spáinn	iomasailil	1.68	5
		tiaibeindeasól	2.44	5
		déchófal	0.39	2
		clóraipireafos	0.15	2
		malaitian	0.16	2
69844	An Spáinn	clóraipireafos	0.09	2
		malaitian	0.02	2
			1.1.3 Seadóg	
68758	Cúba	tiaibeindeasól	0.57	5
		brómapróláit	0.41	2
		clóraipireafos	0.08	0.3
		malaitian	0.05	2
68799	Iosrael	captan	0.05	0.1
		tiaibeindeasól	1.16	5
69005	An Tuirc	tiaibeindeasól	0.76	5
		próclóras	0.02	10
		clóraipireafos	0.06	0.3
69127	An Tuirc	tiaibeindeasól	0.91	5
		clóraipireafos	0.02	0.3

Uimhir an tSampla	An Tír Bhunaidh	Lotnaidicíd a aimsíodh	Iarmhar (mg/kg)	UTI (mg/kg)
69255	An Afraic Theas	meitíodaitión	0.06	2
		asocsastróibin	0.07	1
69307	An Tuirc	carbófúrán	0.04	0.3
		tiaibeindeasól	0.18	5
		clóraipireafos	0.28	0.3
69421	An Afraic Theas	meitíodaitión	0.12	2
		malaitian	0.03	2
69547	An Afraic Theas	pireaclostróbain	0.01	1
		iomasailil	1.06	5
69638	Cúba	carbairil	0.02	1
		iomasailil	0.74	5
		tiaibeindeasól	1.94	5
		1.1.4 Líomóid		
68707	An Spáinn	captan	0.06	0.1
		clóraipireafos	0.03	0.2
69140	An Spáinn	cairbeandaisim	0.25	5
		déchófal	0.09	2
69198	An Airgintín	cairbeandaisim	0.1	5
69237	An Spáinn	meitíodaitión	0.1	2
69262	An Afraic Theas	feanprópáitrin	0.03	Níl UTI ann
		meitíodaitión	0.88	2
69329	An Afraic Theas	meitíodaitión	0.1	2
		tiaibeindeasól	0.59	5
69335	An Afraic Theas	meitíodaitión	0.12	2
69378	An Afraic Theas	meitíodaitión	0.09	2
69554	An Airgintín	próclóras	0.38	10
		captan	0.07	0.1
		iomasailil	1.6	5
		tiaibeindeasól	0.14	5
69569	An Afraic Theas	meitíodaitión	0.59	2
		feanprópáitrin	0.04	Níl UTI ann
		iomasailil	0.33	5
		tiaibeindeasól	0.08	5
		1.1.5 Líoma		
68936	Brazil	próclóras	0.13	10
		1.1.6 Maindairín		
68713	An Chipir	brómapropláit	0.55	2
		clóraipireafos	0.03	2
		tiaibeindeasól	0.55	5
68840	An Chipir	tiaibeindeasól	2.88	5
68843	An Chipir	**tiaibeindeasól**	**6.13**	**5**
		brómapropláit	0.32	2
		clóraipireafos	0.03	2
		meitíodaitión	0.04	2
68864	An Chipir	tiaibeindeasól	2.65	5
		captan	0.03	0.1
68872	An Spáinn	cipróidinil	0.07	Níl UTI ann
		clóraipireafos	0.04	2
		malaitian	0.04	2
68925	An Spáinn	clóraipireafos	0.05	2
		ipróidé-ón	0.03	2
		meitíodaitión	0.14	2
68932	An Spáinn	clóraipireafos	0.19	2

Uimhir an tSampla	An Tír Bhunaidh	Lotnaidicíd a aimsíodh	Iarmhar (mg/kg)	UTI (mg/kg)
		déchófal	0.03	2
68938	An Spáinn	pirimifos-me	0.02	2
69000	An Chipir	tiaibeindeasól	2.28	5
		brómapropláit	0.47	2
69303	Uragua	próclóras	0.34	10
69355	Peiriú	meitíodaitión	0.02	2
		tiaibeindeasól	0.12	5
69415	Peiriú	próiciamideon	**0.03**	**0.02**
		própairgít	0.12	Níl UTI ann
		tiaibeindeasól	1.47	5
		próclóras	1.27	10
69458	Peiriú	tiaibeindeasól	0.22	5
		meitíodaitión	0.03	2
		própairgít	0.06	No MRL
69485	Peiriú	tiaibeindeasól	0.57	5
69488	Peiriú	próclóras	0.57	10
		tiaibeindeasól	2.97	5
		clóraipireafos	0.03	2
		malaitian	0.03	2
69548	An Airgintín	cairbeandaisim	0.09	0.1
		iomasailil	0.29	5
		tiaibeindeasól	1.67	5
		próclóras	0.26	10
69574	Peiriú	**próiciamideon**	**0.07**	**0.02**
		clóraipireafos	0.03	2
		iomasailil	1.51	5
		tiaibeindeasól	0.77	5
		1.1.9 Oráiste		
68657	An Éigipt	tiaibeindeasól	0.63	5
		ipróidé-ón	**0.03**	**0.02**
		ciaipeirmeitrin	0.06	2
		falpeit	0.06	0.1
68674	An Ghréig	falpeit	0.03	0.1
68678	An Spáinn	clóraipireafos	0.05	0.3
		falpeit	0.05	0.1
		malaitian	0.02	2
68700	Maracó	clóraipireafos	0.24	0.3
68706	Iosrael	brómapropláit	0.3	2
		tiaibeindeasól	1.48	5
68749	An Spáinn	déchófal	0.12	2
		clóraipireafos	0.08	0.3
68750	An Spáinn	clóraipireafos	0.04	0.3
		malaitian	0.05	2
68757	An Éigipt	tiaibeindeasól	0.84	5
68796	Maracó	cairbeandaisim	0.08	5
		clóraipireafos	0.18	0.3
68797	An Éigipt	tiaibeindeasól	0.24	5
68798	An Éigipt	malaitian	0.19	2
68818	Maracó	cairbeandaisim	0.06	5
		meitíodaitión	0.1	2
		captan	0.07	0.1
68842	An Éigipt	tiaibeindeasól	1.23	5
		malaitian	0.03	2
		ciaipeirmeitrin	0.06	2
68865	Maracó	clóraipireafos	0.12	0.3
68882	An Éigipt	tiaibeindeasól	1.29	5

Uimhir an tSampla	An Tír Bhunaidh	Lotnaidicíd a aimsíodh	Iarmhar (mg/kg)	UTI (mg/kg)
68890	Iosrael	falpeit	0.04	0.1
		meitíodaitión	0.33	2
		brómapropláit	0.05	2
		tiaibeindeasól	0.97	5
68927	An Spáinn	tiaibeindeasól	0.1	5
		clóraipireafos	0.03	0.3
68975	An Spáinn	clóraipireafos	0.04	0.3
		malaitian	0.04	2
68996	An Éigipt	tiaibeindeasól	1.01	5
69125	Maracó	tiaibeindeasól	0.69	5
		próclóras	0.02	10
69135	An Spáinn	tiaibeindeasól	0.92	5
69142	An Éigipt	tiaibeindeasól	1.25	5
		lambda-cihaileatrin	0.03	0.1
69218	Maracó	clóraipireafos	0.19	0.3
		cairbeandaisim	0.1	5
69227	An Spáinn	tiaibeindeasól	0.72	5
		malaitian	0.07	2
69233	An tSuasalainn	tiaibeindeasól	0.05	5
69245	An Afraic Theas	captan	0.02	0.1
69294	Maracó	clóraipireafos	0.04	0.3
		cairbeandaisim	0.07	5
69304	An Spáinn	tiaibeindeasól	1.13	5
		clóraipireafos	0.04	0.3
		feintión	0.04	Níl UTI ann
69305	An Spáinn	**tiaibeindeasól**	**6.92**	**5**
		clóraipireafos	0.09	0.3
69332	An Afraic Theas	próclóras	0.06	10
69437	An Airgintín	próclóras	0.06	10
		tiaibeindeasól	2.17	5
69492	An Afraic Theas	iomasailil	0.59	5
		pireaclostróbain	0.02	1
		própairgít	0.09	Níl UTI ann
69553	An Airgintín	próclóras	1.09	10
		clóraipireafos	0.11	0.3
		captan	0.09	0.1
		iomasailil	1.68	5
		pireasclostróbain	0.02	1
69555	An Afraic Theas	iomasailil	1.76	5
69562	An Afraic Theas	iomasailil	0.67	5
69570	An tSeineagáil	iomasailil	0.16	5
69586	An tSuasalainn	meitíodaitión	0.04	2
		iomasailil	0.28	5
69597	An Afraic Theas	iomasailil	0.8	5
		tiaibeindeasól	0.38	5
69636	An Afraic Theas	meitíodaitión	0.04	2
		falpeit	0.05	0.1
		iomasailil	1.06	5
69637	An Afraic Theas	iomasailil	0.71	5
		tiaibeindeasól	0.19	5
69655	Uragua	malaitian	0.02	2
69816	An Spáinn	iomasailil	1.07	5
69839	An Afraic Theas	iomasailil	0.49	5
69971	An Spáinn	clóraipireafos	0.05	0.3
		fosmeit	0.09	Níl UTI ann

1.1.10 Satsúma

Uimhir an tSampla	An Tír Bhunaidh	Lotnaidicíd a aimsíodh	Iarmhar (mg/kg)	UTI (mg/kg)
68710	An Tuirc	próclóras	0.06	10
68956	An Afraic Theas	meitíodaitión	0.07	2
		tiaibeindeasól	0.17	5
68970	An Airgintín	cairbeandaisim	0.82	5
		tiaibeindeasól	0.34	5
		malaitian	1.42	2
		próclóras	0.94	10
68997	An Airgintín	tiaibeindeasól	2.53	5
		clóraipireafos	0.06	2
		malaitian	0.21	2
		próclóras	1.23	10
69116	An Afraic Theas	tiaibeindeasól	0.63	5
69124	Peiriú	tiaibeindeasól	2.06	5
		próicímeadón	**0.09**	**0.02**
		própairgít	0.03	Níl UTI ann
		próclóras	1.21	10
69160	Peiriú	tiaibeindeasól	1.93	5
		próclóras	0.37	10
		cipróidinil	0.25	Níl UTI ann
		própairgít	0.05	Níl UTI ann
69169	An Airgintín	malaitian	0.16	2
		tiaibeindeasól	3.7	5
		próclóras	0.27	10
69217	Peiriú	tiaibeindeasól	0.76	5
69226	An Afraic Theas	tiaibeindeasól	0.08	5
		meitíodaitión	0.06	2
69228	An Nua-Shéalainn	tiaibeindeasól	1.77	5
		própairgít	0.04	Níl UTI ann
		próclóras	1.01	10
69254	Peiriú	tiaibeindeasól	0.32	5
69302	Peiriú	própairgít	0.03	Níl UTI ann
		tiaibeindeasól	1.61	5
		próclóras	0.59	10
69571	An Spáinn	clóraipireafos	0.17	2
		malaitian	0.12	2
		feintión	0.05	Níl UTI ann
		iomasailil	0.17	5
		feintión sulfóin	0.02	Níl UTI ann
		feintión sulf-ocsaíd	0.02	Níl UTI ann
69593	An Spáinn	clóraipireafos	0.09	2
		malaitian	0.09	2
		iomasailil	0.2	5
69598	An Spáinn	clóraipireafos	0.09	2
		iomasailil	0.25	5
		tiaibeindeasól	0.15	5
69847	An Spáinn	clóraipireafos	0.05	2
			1.1.11 Toradh Ugli	
68690	Iamáice	tiaibeindeasól	0.32	5
	1.3 Torthaí Póma		**1.3.1 Úll**	
68645	An Fhrainc	défheiniolaimín	0.22	5
		cairbeandaisim	0.06	2
		tiaibeindeasól	0.4	5
68646	An Iodáil	clóraipireafos	0.02	0.5
68650	An Fhrainc	défheiniolaimín	0.02	5
		própairgít	0.28	Níl UTI ann

Uimhir an tSampla	An Tír Bhunaidh	Lotnaidicíd a aimsíodh	Iarmhar (mg/kg)	UTI (mg/kg)
		cairbeandaisim	0.06	2
68662	An tSín	cairbeandaisim	0.08	2
68665	An Fhrainc	tiaibeindeasól	0.4	5
		tolafluainid	0.04	Níl UTI ann
		défheiniolaimín	0.29	5
		própairgít	0.56	Níl UTI ann
68675	An Fhrainc	própairgít	0.05	Níl UTI ann
68680	An Ísiltír	tolafluainid	0.09	Níl UTI ann
		captan	0.24	3
		pirimicharb	0.05	Níl UTI ann
68751	An Fhrainc	tiaibeindeasól	0.83	5
		défheiniolaimín	1.4	5
		própairgít	0.39	Níl UTI ann
68764	An Iodáil	captan	0.02	3
68765	An Fhrainc	tiaibeindeasól	0.77	5
		défheiniolaimín	4	5
68822	An Fhrainc	cairbeandaisim	0.22	2
		tiaibeindeasól	1.34	5
		clóraipireafos	0.02	0.5
		própairgít	0.18	Níl UTI ann
		défheiniolaimín	0.6	5
68823	An Fhrainc	pirimeatanail	0.04	Níl UTI ann
		captan	0.02	3
68836	An Fhrainc	tiaibeindeasól	0.71	5
		défheiniolaimín	0.4	5
		própairgít	0.39	Níl UTI ann
68838	An Fhrainc	tiaibeindeasól	0.56	5
		défheiniolaimín	0.14	5
		própairgít	0.02	Níl UTI ann
68839	An Fhrainc	tiaibeindeasól	1.02	5
		défheiniolaimín	0.24	5
		própairgít	0.08	Níl UTI ann
		clóraipireafos	0.03	0.5
		fenitrothion	0.03	0.5
68849	An Ísiltír	tolafluainid	0.09	Níl UTI ann
		captan	0.03	3
		cairbeandaisim	0.36	2
68859	Iosrael	tiaibeindeasól	1.56	5
		défheiniolaimín	2.31	5
		clóraipireafos	0.05	0.5
68867	An Éigipt	própairgít	0.66	Níl UTI ann
		défheiniolaimín	0.73	5
		tiaibeindeasól	0.48	5
68883	An Fhrainc	própairgít	0.24	Níl UTI ann
		défheiniolaimín	0.37	5
		tiaibeindeasól	0.62	5
68884	An Fhrainc	défheiniolaimín	1.31	5
		tiaibeindeasól	0.47	5
68887	An Spáinn	falpeit	0.12	3
		défheiniolaimín	0.06	5
68897	An Phortaingéil	fosalón	0.63	2
		falpeit	0.02	3
		défheiniolaimín	0.63	5
		biteirteanól	0.49	2
68899	An Fhrainc	défheiniolaimín	0.04	5
		tiaibeindeasól	0.23	5
68923	An Bhrasaíl	cipróidinil	0.02	Níl UTI ann
		clóraipireafos	0.02	0.5

Uimhir an tSampla	An Tír Bhunaidh	Lotnaidicíd a aimsíodh	Iarmhar (mg/kg)	UTI (mg/kg)
		falpeit	0.03	3
68926	An Nua-Shéalainn	captan	0.03	3
68939	An Fhrainc	própairgít	1.27	Níl UTI ann
		défheiniolaimín	0.03	5
68941	An Iodáil	própairgít	0.1	Níl UTI ann
		défheiniolaimín	2.6	5
		clórpréfam	0.03	0.05
		Fíoncleasóilin	0.11	1
		tiaibeindeasól	2.04	5
68945	An Iodáil	défheiniolaimín	1.03	5
68946	An tSile	clóraipireafos	0.03	0.5
		aisínfós-me	0.06	0.5
		tiaibeindeasól	0.31	5
68947	An Fhrainc	défheiniolaimín	0.84	5
		própairgít	0.24	Níl UTI ann
		cairbeandaisim	0.17	2
68973	An tSile	tiaibeindeasól	0.27	5
		défheiniolaimín	0.03	5
		carbairil	0.42	3
		déchófal	**0.16**	**0.02**
68974	An Airgintín	tiaibeindeasól	1.65	5
		captan	0.47	3
		carbairil	0.42	3
68999	An Fhrainc	cairbeandaisim	0.07	2
		tiaibeindeasól	0.28	5
		défheiniolaimín	0.9	5
		fosalón	0.02	2
69115	An tSile	tiaibeindeasól	0.13	5
		défheiniolaimín	0.94	5
		carbairil	0.65	3
69129	An Fhrainc	tiaibeindeasól	1.89	5
		défheiniolaimín	0.87	5
69130	An tSile	tiaibeindeasól	0.74	5
69133	An Iodáil	captan	0.02	3
		défheiniolaimín	0.53	5
69139	An Ríocht Aontaithe	cairbeandaisim	0.15	2
		défheiniolaimín	0.52	5
		miotalaicsil	0.04	1
69145	An Fhrainc	défheiniolaimín	0.61	5
		tiaibeindeasól	0.44	5
69162	An Afraic Theas	captan	0.03	3
69163	An Fhrainc	clóraipireafos	0.02	0.5
69168	An tSile	carbairil	0.19	3
		tiaibeindeasól	1.71	5
69194	An tSile	tiaibeindeasól	0.3	5
		cairbeandaisim	0.07	2
		défheiniolaimín	1.11	5
69220	An tSile	tiaibeindeasól	0.05	5
		aisíonfós-me	0.14	0.5
		défheiniolaimín	0.04	5
		carbairil	0.2	3
69241	An tSile	tiaibeindeasól	0.09	5
		défheiniolaimín	0.02	5
		carbairil	0.07	3
69258	An Afraic Theas	aisíonfós-me	0.03	0.5
		défheiniolaimín	0.09	5
		bifeintrin	0.02	0.3

Uimhir an tSampla	An Tír Bhunaidh	Lotnaidicíd a aimsíodh	Iarmhar (mg/kg)	UTI (mg/kg)
	Éire			
69270		cairbeandaisim	0.22	2
		défheiniolaimín	0.25	5
		miotalaicsil	0.03	1
69337	An Fhrainc	própairgít	0.03	Níl UTI ann
69338	An tSile	tiaibeindeasól	0.32	5
69348	An Bhrasaíl	falpeit	0.03	3
		carbairil	0.34	3
69417	An Nua Shéalainn	défheiniolaimín	0.24	5
69481	An Fhrainc	clóraipireafos	0.02	0.5
		aisíonfós-me	0.07	0.5
69482	An Fhrainc	captan	0.02	3
		própairgít	0.2	Níl UTI ann
	An Ríocht			
69490	Aontaithe	cairbeandaisim	1.12	2
		défheiniolaimín	0.03	5
69546	An Afraic Theas	défheiniolaimín	0.7	5
69552	An Phortaingéil	clóraipireafos	0.35	0.5
		fosalón	0.24	2
		captan	0.41	3
69566	An Fhrainc	própairgít	0.59	Níl UTI ann
69572	An Fhrainc	captan	0.06	3
		tiaibeindeasól	0.2	5
69573	An Ísiltír	captan	0.11	3
69584	An Ísiltír	pirimicharb	0.15	Níl UTI ann
		tolafluainid	0.05	Níl UTI ann
		captan	0.07	3
		cairbeandaisim	0.09	0.2
69596	An Iodáil	clóraipireafos	0.04	0.5
69600	An Astráil	ipróidé-ón	0.85	10
		défheiniolaimín	0.68	5
		cairbeandaisim	0.02	0.2
69640	An Bheilg	captan	0.03	3
		pirimicharb	0.03	Níl UTI ann
		cairbeandaisim	0.02	0.2
		tiaibeindeasól	0.06	5
		1.3.2 Piorra		
68648	An Phortaingéil	falpeit	1.49	3
		défheiniolaimín	0.9	10
		fosmeit	0.07	Níl UTI ann
68653	An Phortaingéil	défheiniolaimín	0.57	10
		falpeit	0.03	3
		captan	0.06	3
		fosmeit	0.46	Níl UTI ann
		malaitian	0.03	0.5
68659	An Bheilg	tolafluainid	0.09	Níl UTI ann
68663	An Phortaingéil	malaitian	0.03	0.5
		teibeacónasól	0.04	Níl UTI ann
		captan	0.04	3
		défheiniolaimín	0.74	10
68681	An Phortaingéil	clóraipireafos	0.05	0.5
		captan	0.05	3
		falpeit	0.21	3
		fosmeit	0.11	Níl UTI ann
		défheiniolaimín	0.79	10
68685	An Phortaingéil	défheiniolaimín	0.35	10

Uimhir an tSampla	An Tír Bhunaidh	Lotnaidicíd a aimsíodh	Iarmhar (mg/kg)	UTI (mg/kg)
		falpeit	0.04	3
		captan	0.02	3
		fosmeit	0.07	Níl UTI ann
		próicímeadón	0.03	1
		teibeacónasól	0.02	Níl UTI ann
68702	An Bheilg	captan	0.08	3
		cairbeandaisim	0.28	2
68709	An Ísiltír	captan	0.41	3
		tolafluainid	0.44	Níl UTI ann
		cairbeandaisim	0.42	2
68753	An Phortaingéil	défheiniolaimín	0.89	10
		captan	0.11	3
68756	An Ísiltír	cairbeandaisim	0.3	2
		biteirteanól	0.03	2
		tolafluainid	0.07	Níl UTI ann
68802	An Phortaingéil	défheiniolaimín	1.94	10
		tiaibeindeasól	0.1	5
		captan	0.04	3
		fosmeit	0.05	Níl UTI ann
68824	An Spáinn	défheiniolaimín	0.26	10
68850	An Ísiltír	tolafluainid	0.12	Níl UTI ann
		captan	0.05	3
		cairbeandaisim	0.28	2
68868	An Phortaingéil	falpeit	0.53	3
		fosmeit	0.03	Níl UTI ann
		défheiniolaimín	1.2	10
68929	An tSile	carbairil	0.09	3
		tiaibeindeasól	0.39	5
		défheiniolaimín	0.11	10
68943	An Afraic Theas	défheiniolaimín	0.02	10
68958	An Afraic Theas	aisínfós-me	0.07	0.5
68972	An Afraic Theas	aisínfós-me	0.09	0.5
69114	An Airgintín	carbairil	0.09	3
		captan	0.28	3
69159	An Astráil	cairbeandaisim	0.21	2
		tolafluainid	0.06	Níl UTI ann
69165	An Afraic Theas	aisínfós-me	0.11	0.5
69212	An Afraic Theas	défheiniolaimín	0.53	10
		pirimeatanail	0.05	Níl UTI ann
		ipróidé-ón	0.23	10
69232	An Ísiltír	cairbeandaisim	0.14	2
		tolafluainid	0.14	Níl UTI ann
69259	An Afraic Theas	aisínfós-me	0.06	0.5
		défheiniolaimín	0.03	10
69420	An Phortaingéil	fosmeit	0.09	Níl UTI ann
		captan	0.06	3
69455	An Fhrainc	grúpa maneb	0.05	3
69479	An Phortaingéil	captan	0.08	3
		fosmeit	0.05	Níl UTI ann
69486	An Iodáil	grúpa maneb	0.07	3
		captan	0.08	3
69491	An Phortaingéil	grúpa maneb	0.26	3
		fosmeit	0.08	Níl UTI ann
		captan	0.1	3
		teibeacónasól	0.02	Níl UTI ann
69550	An Bheilg	tolafluainid	0.08	Níl UTI ann
69561	An Phortaingéil	captan	0.07	3
		fosmeit	0.03	Níl UTI ann

Uimhir an tSampla	An Tír Bhunaidh	Lotnaidicíd a aimsíodh	Iarmhar (mg/kg)	UTI (mg/kg)
69583	An Fhrainc	fosmeit	0.02	Níl UTI ann
69585	An Phortaingéil	captan	0.08	3
	1.4 Torthaí Cloch.		**1.4.2 Silín**	
69336	Ceanada	ipróidé-ón	0.02	5
		micleabútainil	0.03	1
69354	Ceanada	ipróidé-ón	0.02	5
			1.4.3 Neachtairín	
	Na hOileáin			
68767	Chanáracha	teibeacónasól	0.31	Níl UTI ann
		carbairil	0.06	3
		aisínfós-me	0.08	0.5
		ipróidé-ón	1.49	5
68885	An tSile	ipróidé-ón	0.41	5
		carbairil	0.04	3
69156	An Spáinn	ipróidé-ón	0.02	5
69222	An Spáinn	flúvailináit-tó-l	0.02	Níl UTI ann
69231	An Spáinn	cairbeandaisim	0.23	1
69265	An Spáinn	captan	0.03	2
69360	An Fhrainc	ipróidé-ón	0.85	5
69456	An Spáinn	ipróidé-ón	0.13	5
		teibeacónasól	0.02	Níl UTI ann
69565	An Iodáil	teibeacónasól	0.02	Níl UTI ann
69576	An Fhrainc	ipróidé-ón	2.64	5
69641	SAM	fosmeit	0.05	Níl UTI ann
		própairgít	0.84	Níl UTI ann
		feineicseaimíd	0.03	5
		fludocsainil	0.12	Níl UTI ann
			1.4.4 Péitseog	
68769	An tSile	carbairil	0.05	3
68835	An tSile	aisínfós-me	0.19	0.5
		ipróidé-ón	0.07	5
		próipiceanasól	0.04	0.2
68971	**Iosrael**	**óimeatóáit**	**0.04**	**0.02**
		démheitiáit	**0.02**	**0.02**
69157	An Spáinn	**tiaibeindeasól**	**0.06**	**0.05**
69343	An Iodáil	teibeacónasól	0.02	Níl UTI ann
69549	An Iodáil	cipróidinil	0.09	Níl UTI ann
		fludocsainil	0.02	Níl UTI ann
		próicímeadón	0.02	2
		cairbeandaisim	0.03	0.2
69970	An Afraic Theas	ipróidé-ón	0.16	5
			1.4.5 Pluma	
68703	An Afraic Theas	ipróidé-ón	2.76	5
68712	An Afraic Theas	ipróidé-ón	0.4	5
68770	An Afraic Theas	ipróidé-ón	1.76	5
68898	An Afraic Theas	ipróidé-ón	3.16	5
68924	An tSile	ipróidé-ón	2.7	5
68957	An Afraic Theas	ciaipeirmeitrin	0.08	1
		ipróidé-ón	0.17	5
68976	An tSile	**tiaibeindeasól**	**0.09**	**0.05**
		ipróidé-ón	1.3	5

Uimhir an tSampla	An Tír Bhunaidh	Lotnaidicíd a aimsíodh	Iarmhar (mg/kg)	UTI (mg/kg)
69001	An tSile	ipróidé-ón	0.5	5
69577	An Spáinn	ipróidé-ón	0.06	5
		própairgít	0.15	Níl UTI ann
69595	An Iodáil	teibeacónasól	0.05	Níl UTI ann
69967	An Iodáil	teibeacónasól	0.05	Níl UTI ann
		própairgít	0.03	Níl UTI ann
	1.5 Sméara & Torthaí Beaga		**1.1.5.1 Fíonchaora**	
68841	An tSile	captan	0.02	3
68874	An tSile	captan	0.32	3
68886	An tSile	carbairil	0.08	3
		cipróidinil	0.22	Níl UTI ann
		fludocsainil	0.07	Níl UTI ann
68928	An tSile	cipróidinil	0.18	Níl UTI ann
		captan	0.16	3
		fludocsainil	0.09	Níl UTI ann
		ipróidé-ón	0.03	10
68955	An tSile	carbairil	0.21	3
68969	An india	flúsaileasól	0.06	Níl UTI ann
69120	Meicseiceo	micleabútainil	0.03	1
69158	An tSile	fludocsainil	0.17	Níl UTI ann
		teibeacónasól	0.03	Níl UTI ann
69240	An Éigipt	lambda-cihaileatrin	0.08	0.2
69298	An Éigipt	lambda-cihaileatrin	0.03	0.2
69382	An Spáinn	miotalaicsil	0.04	2
		próicímeadón	0.03	5
		falpeit	0.02	3
69412	An Spáinn	miotalaicsil	0.05	2
		próicímeadón	0.04	5
				1.5.2.1 Sú Talún
68654	An Phailistín	ipróidé-ón	0.26	10
		cipróidinil	0.03	Níl UTI ann
		fludocsainil	0.02	Níl UTI ann
		Creasocsaim-meitile	0.02	1
68696	An Éigipt	asocsastróibin	0.18	2
		micleabútainil	0.11	1
68718	An Éigipt	micleabútainil	0.03	1
		asocsastróibin	0.07	2
		cipróidinil	0.27	Níl UTI ann
		fludocsainil	0.29	Níl UTI ann
68719	An Spáinn	cipróidinil	0.08	Níl UTI ann
	An Spáinn	fludocsainil	0.16	Níl UTI ann
	An Spáinn	Creasocsaim-meitile	0.07	1
68721	Maracó	ipróidé-ón	0.28	10
		pirimeatanail	0.06	Níl UTI ann
		dioclofluainid	0.04	10
		micleabútainil	0.05	1
		cairbeandaisim	0.09	0.1
68805	An Spáinn	fludocsainil	0.03	Níl UTI ann
		cipróidinil	0.03	Níl UTI ann
68852	An Spáinn	fludocsainil	0.04	Níl UTI ann
		Creasocsaim-meitile	0.02	1
68871	An Spáinn	fludocsainil	0.07	Níl UTI ann
		Creasocsaim-meitile	0.02	1
		clóratailinil	0.49	3
68880	An Spáinn	pirimicharb	0.03	Níl UTI ann

Uimhir an tSampla	An Tír Bhunaidh	Lotnaidicíd a aimsíodh	Iarmhar (mg/kg)	UTI (mg/kg)
368942	An Spáinn	triadiminol	0.12	0.5
68952	An Spáinn	asocsastróibin	0.08	2
69134	Éire	micleabútainil	0.29	1
		pirimeatanail	0.13	Níl UTI ann
		meiteacharb	0.68	Níl UTI ann
		ipróidé-ón	2.02	10
69184	Éire	ipróidé-ón	0.18	10
		asocsastróibin	0.14	2
69210	Éire	pirimeatanail	0.8	Níl UTI ann
		micleabútainil	0.11	1
		asocsastróibin	0.14	2
69211	Éire	pirimeatanail	0.07	Níl UTI ann
		micleabútainil	0.07	1
		ipróidé-ón	0.89	10
69238	Éire	tolafluainid	0.13	Níl UTI ann
		pirimicharb	0.07	Níl UTI ann
69299	Éire	asocsastróibin	0.69	2
		micleabútainil	0.17	1
		pirimeatanail	3.33	Níl UTI ann
69328	An Ísiltír	pirimicharb	0.05	Níl UTI ann
69441	Éire	tolafluainid	0.05	Níl UTI ann
		ipróidé-ón	0.29	10
		búiphirimáit	0.17	Níl UTI ann
		pirimeatanail	0.53	Níl UTI ann
		micleabútainil	0.05	1
		asocsastróibin	0.08	2
		cairbeandaisim	0.1	0.1
69568	Éire	micleabútainil	0.21	1
		asocsastróibin	0.83	2
		búiphirimáit	0.02	Níl UTI ann
		meipeanipirin	0.36	2
		feineicseaimíd	0.8	5
				1.5.3.1 Sméar Dhubh
68716	Meicseiceo	micleabútainil	0.03	1
		captan	0.03	3
69187	An Bheilg	bifeintrin	0.04	0.3
		iondasulfáid	0.03	0.05
		fludocsainil	0.03	Níl UTI ann
69452	An Bheilg	bifeintrin	0.06	0.3
			1.5.3.2 Sú Craobh	
68722	Meicseiceo	pirimeatanail	0.03	Níl UTI ann
69186	Éire	pirimicharb	0.02	Níl UTI ann
			1.5.4.2 Fraochán Gorm	
68715	An tSile	**feanvailéaráit**	**0.2**	**0.02**
		carbairil	0.09	1
		captan	0.02	3
68879	An tSile	ipróidé-ón	0.05	10
		captan	0.02	3
			1.5.4.3 Mónóg	
68720	SAM	cipróidinil	0.02	Níl UTI ann

Uimhir an tSampla	An Tír Bhunaidh	Lotnaidicíd a aimsíodh	Iarmhar (mg/kg)	UTI (mg/kg)
		clóratailinil	0.5	2
				1.5.4.4 Cuirín Dearg
68878	An Ísiltír	tolafluainid	0.05	Níl UTI ann
		Creasocsaim-meitile	0.06	1
		captan	1.32	3
	1.6 Torthaí Ilghnéitheacha		**1.6.1 Abhacád**	
68732	An Spáinn	brómapropláit	0.02	0.05
68935	Peiriú	tiaibeindeasól	1.88	15
69132	An Afraic Theas	próclóras	0.03	5
69293	An Afraic Theas	próclóras	0.76	5
69341	An Afraic Theas	próclóras	0.02	5
			1.6.2 Banana	
69495	Cósta Ríce	iomasailil	0.13	2
		tiaibeindeasól	0.16	5
69496	Panama	iomasailil	0.16	2
		tiaibeindeasól	0.24	5
69497	An Cholóim	tiaibeindeasól	0.14	5
69556	An Cholóim	iomasailil	0.04	2
		tiaibeindeasól	0.15	5
69557	Cósta Ríce	bifeintrin	0.02	0.1
		iomasailil	0.24	2
		tiaibeindeasól	0.22	5
69558	An Cholóim	iomasailil	0.15	2
		tiaibeindeasól	0.06	5
69599	Camarún	iomasailil	0.34	2
69810	An Phoblacht Dhoiminiceach	iomasailil	1.03	2
69811	Cósta Ríce	iomasailil	0.07	2
		tiaibeindeasól	0.05	5
69812	Cósta Ríce	bifeintrin	0.04	0.1
		iomasailil	0.4	2
		tiaibeindeasól	0.3	5
			1.6.3 Toradh Cíobhaí	
68684	An Iodáil	cipróidinil	0.02	Níl UTI ann
68697	An Iodáil	Fíoncleasóilin	0.07	10
		meitíodaitión	**0.04**	**0.02**
68954	An Iodáil	clórprófam	0.02	0.05
69195	An tSile	clóraipireafos	0.04	2
69340	An tSile	deiltemeitrin	0.05	0.05
			1.6.4 Mangó	
68651	An Bhrasaíl	próclóras	0.03	5
68731	Peiriú	próclóras	0.18	5
68855	An Bhrasaíl	**asocsastróibin**	**0.1**	**0.05**
68930	Peiriú	próclóras	0.14	5
69126	Guatamala	próclóras	0.03	5
		siomaisín	0.04	Níl UTI ann
69242	SAM	tiaibeindeasól	1.69	5

Uimhir an tSampla	An Tír Bhunaidh	Lotnaidicíd a aimsíodh	Iarmhar (mg/kg)	UTI (mg/kg)
69346	Iosrael	próclóras	0.1	5
69414	An Bhrasaíl	tiaibeindeasól	0.17	5
69453	Iosrael	próclóras	0.03	5
			1.6.5 Papaya	
68733	An Cósta Eabhair	próclóras	0.27	5
69154	An Cósta Eabhair	próclóras	0.24	5
69229	An Bhrasaíl	tiaibeindeasól	0.29	10
			1.6.6 Anann	
68730	Guatamala	triadimefon	0.22	3
		tiaibeindeasól	**0.54**	**0.05**
		triadiminol	0.22	3
69563	Cósta Ríce	triadimefon	0.12	3
		triadiminol	0.05	3
69587	Cósta Ríce	triadimefon	0.06	3
		triadiminol	0.07	3
69594	Cósta Ríce	triadimefon	0.4	3
		triadiminol	0.17	3
69951	Cósta Ríce	triadiminol	0.04	3
69985	Cósta Ríce	triadimefon	0.18	3
		triadiminol	0.09	3
				1.6.9 Pomegranate
69224	An India	cairbeandaisim	0.06	0.1
69419	An Spáinn	**clóraipireafos**	**0.07**	**0.05**
		ciaipeirmeitrin	**0.15**	**0.05**
			1.6.10 Rambutan	
68821	An Téalainn	**ciaipeirmeitrin**	**0.09**	**0.05**
				1.6.11 Dátphluma Sheáróin
69969	An Spáinn	malaitian	0.02	0.5
			1.6.13 Litchi	
69239	An Téalainn	**clóraipireafos**	**0.1**	**0.05**
		ciaipeirmeitrin	0.05	0.05
2. Glasraí	**2.1 Glasraí Fréimhe & Tiúbair**		**2.1.1 Cairéad**	
68638	Éire	tríflúrailín	0.06	Níl UTI ann
		clóirfeinveanfos	0.23	0.5
68726	An Spáinn	lionúrón	0.1	0.2
68759	An Spáinn	lionúrón	0.04	0.2
68773	Éire	lionúrón	0.03	0.2
		clóirfeinveanfos	0.05	0.5
68776	An Spáinn	ipróidé-ón	0.03	0.3
68786	Éire	lionúrón	0.05	0.2
68815	An tSeineagáil	clóratailinil	0.08	1
68826	An Spáinn	lionúrón	0.02	0.2
68893	An Spáinn	lionúrón	0.08	0.2
68901	An Spáinn	lionúrón	0.12	0.2
68933	Iosrael	teibeacónasól	0.03	Níl UTI ann
		ipróidé-ón	0.05	0.3
68961	An Spáinn	lionúrón	0.08	0.2
68995	An Spáinn	lionúrón	0.07	0.2

Uimhir an tSampla	An Tír Bhunaidh	Lotnaidicíd a aimsíodh	Iarmhar (mg/kg)	UTI (mg/kg)
69105	An Spáinn	lionúrón	0.12	0.2
69146	An Iodáil	clóraipireafos	0.03	0.1
69174	An Ísiltír	ipróidé-ón	0.05	0.3
		teibeacónasól	0.02	Níl UTI ann
69214	An Fhrainc	lionúrón	0.05	0.2
		biúporeamáid	0.04	Níl UTI ann
69250	An Fhrainc	lionúrón	0.03	0.2
69367	Éire	clóirfeinveanfos	0.16	0.5
		tríflúrailín	0.07	Níl UTI ann
69434	Éire	tríflúrailín	0.09	Níl UTI ann
		clóirfeinveanfos	**0.51**	**0.5**
69435	Éire	tríflúrailín	0.06	Níl UTI ann
			2.1.2 Meacan Bán	
68669	Éire	flúsaileasól	0.02	Níl UTI ann
		tríflúrailín	0.06	Níl UTI ann
		lionúrón	**0.21**	**0.2**
		clóirpirifós	0.03	0.05
		clóirfeinveanfos	0.04	0.5
68673	Éire	teibeacónasól	0.02	Níl UTI ann
68692	Éire	falpeit	0.02	0.1
		tríflúrailín	0.06	Níl UTI ann
68779	Éire	clóirfeinveanfos	0.11	0.5
68783	Éire	clóirfeinveanfos	0.06	0.5
68788	Éire	tríflúrailín	0.08	Níl UTI ann
		clóirfeinveanfos	0.13	0.5
69370	Éire	clóirfeinveanfos	0.15	0.5
		tríflúrailín	0.08	Níl UTI ann
69428	Éire	tríflúrailín	0.21	Níl UTI ann
		clóirfeinveanfos	0.06	0.5
69439	Éire	clóirfeinveanfos	0.03	0.5
69449	Éire	tríflúrailín	0.09	Níl UTI ann
		clóirfeinveanfos	0.05	0.5
	2.2 Glasraí Bleibíne		**2.2.1 Oinniún**	
69425	Éire	teibeacónasól	0.03	Níl UTI ann
69755	An Ríocht Aontaithe	clórprófam	0.13	0.5
				2.2.2 Oinniún Earraigh
68981	Éire	ipróidé-ón	0.23	3
		clóratailinil	0.25	5
	2.3 Glasraí Torthúla		**2.3.1 Solanacea**	**2.3.1.1 Ubhthoradh**
68734	An Spáinn	próicímeadón	0.06	2
		ipróidé-ón	0.02	5
69282	An Ísiltír	pirimicharb	0.02	Níl UTI ann
69590	An Ísiltír	Fíoncleasóilin	0.05	3
		próicímeadón	0.02	2
				2.3.1.2 Piobar Cillí
68819	An Ghaimbia	féinearamól	0.03	0.5
				2.3.1.3 Piobar

Uimhir an tSampla	An Tír Bhunaidh	Lotnaidicíd a aimsíodh	Iarmhar (mg/kg)	UTI (mg/kg)
68639	An Spáinn	ionsulfán-2	0.02	1
68677	An Spáinn	próicímeadón	0.03	2
68763	An Spáinn	ipróidé-ón	0.03	5
68810	An Spáinn	próicímeadón	0.04	2
		ipróidé-ón	0.03	5
		pirimeatanail	0.05	Níl UTI ann
		cipróidinil	0.03	Níl UTI ann
68847	An Spáinn	ipróidé-ón	0.03	5
		iondasulfáid	0.03	1
				2.3.1.4 Tráta
68686	An Spáinn	fludocsainil	0.05	Níl UTI ann
		cipróidinil	0.25	Níl UTI ann
68736	An Iodáil	próicímeadón	0.04	2
		cipróidinil	0.02	Níl UTI ann
68761	An Spáinn	triadiminol	0.04	0.3
		ipróidé-ón	0.03	5
68808	An Spáinn	teibeacónasól	0.04	Níl UTI ann
		clóratailinil	0.31	2
		pirimeatanail	0.17	Níl UTI ann
		tolafluainid	0.06	Níl UTI ann
		ipróidé-ón	0.02	5
68809	An Spáinn	cipróidinil	0.03	Níl UTI ann
		tolafluainid	0.03	Níl UTI ann
		próicímeadón	0.17	2
		clóratailinil	0.09	2
		pirimeatanail	0.02	Níl UTI ann
		fludocsainil	0.03	Níl UTI ann
		teibeacónasól	0.03	Níl UTI ann
		triadiminol	0.04	0.3
68948	An Spáinn	próicímeadón	0.04	2
		ipróidé-ón	0.03	5
69236	An Ísiltír	ipróidé-ón	0.02	5
		2.3.2 Cúrcarbaidí (craiceann inite)	**2.3.1.1 Cuirséad**	
68640	An Spáinn	**tiaibeindeasól**	**0.06**	**0.05**
		iondasulfáid	0.02	0.05
68687	An Spáinn	próicímeadón	0.04	1
68737	An Spáinn	próicímeadón	0.08	1
		ipróidé-ón	0.02	2
		cipróidinil	0.04	Níl UTI ann
		fludocsainil	0.04	Níl UTI ann
			2.3.1.2 Cúcamar	
68708	An Spáinn	próicímeadón	0.08	1
68723	An Spáinn	pirimeatanail	0.07	Níl UTI ann
		fludocsainil	0.02	Níl UTI ann
68791	An Spáinn	cipróidinil	0.05	Níl UTI ann
		próicímeadón	0.06	1
		clóratailinil	0.12	1
		miotalaicsil	0.03	0.5
69141	An Ísiltír	próicímeadón	0.05	1

Uimhir an tSampla	An Tír Bhunaidh	Lotnaidicíd a aimsíodh	Iarmhar (mg/kg)	UTI (mg/kg)
		2.3.3 Cúcarbaidí (craiceann inite)		
			2.3.3.2 Mealbhacán	
69003	Cósta Ríce	iondasulfáid	0.04	0.3
2.4 Glasraí Brassica		**2.4.1 Brassica Bláthanna**		**2.4.1.1 Brocailí**
68793	An Spáinn	clóratailinil	0.2	3
68834	An Spáinn	clóratailinil	0.22	3
		miotalaicsil	0.04	0.1
69143	An Spáinn	carbairil	0.03	1
69147	An Iodáil	carbairil	0.04	1
				2.4.1.2 Cóilis
68891	Éire	falpeit	0.02	0.1
69372	Éire	ciproconasól	0.05	Níl UTI ann
		beinealaicsil	0.02	0.05
		próipiceanasól	0.02	0.05
		asocsastróibin	0.09	0.5
		teibeacónasól	0.03	Níl UTI ann
69381	Éire	ciaipeirmeitrin	0.05	0.5
69445	An Ríocht Aontaithe	carbairil	0.05	1
		2.4.2 Brassica Cinn		**2.4.2.1 Cabáiste Cinn**
68807	Éire	teibeacónasól	0.03	Níl UTI ann
68854	An Spáinn	miotalaicsil	0.05	1
		cipróidinil	0.03	Níl UTI ann
		ciaipeirmeitrin	0.07	0.5
		2.4.3 Brassica Duilleach		**2.4.3.2 Duilleoga Síneacha**
69278	Éire	deiltemeitrin	0.07	0.5
2.5 Glasraí Duilleacha		**2.5.1 Leitís & a leithéid**		**2.5.1.1 Toradh Dragain**
68642	An Spáinn	próipisimíd	0.02	1
		falpeit	0.18	2
68670	An Spáinn	falpeit	0.03	2
68739	An Spáinn	lambda-cihaileatrin	0.03	1
		cipróidinil	0.05	Níl UTI ann
69284	Éire	deiltemeitrin	0.06	0.5
		ipróidé-ón	0.05	10
69642	An Ísiltír	ipróidé-ón	0.02	10
				2.5.1.2 Leitís
68725	An Spáinn	miotalaicsil	0.02	2
		flúvailináit-tó-l	0.12	Níl UTI ann
		cipróidinil	0.04	Níl UTI ann
68727	Éire	próipisimíd	0.36	1
		óimeatóáit	0.04	0.5
		démheitiáit	0.07	0.5

Uimhir an tSampla	An Tír Bhunaidh	Lotnaidicíd a aimsíodh	Iarmhar (mg/kg)	UTI (mg/kg)
		tolclofos-me	0.1	Níl UTI ann
		ipróidé-ón	0.02	10
68746	T Éireann	próclóras	0.04	5
68748	An Ísiltír	fíoncleasóilin	0.06	5
		tolclofos-me	0.13	Níl UTI ann
		tolafluainid	0.15	Níl UTI ann
		ipróidé-ón	3.95	10
68760	Éire	asocsastróibin	1.54	3
		pirimicharb	0.03	Níl UTI ann
		tolclofos-me	0.02	Níl UTI ann
		próipisimíd	0.2	1
		demeton-s-me-sulfone	**0.16**	**0.05**
		ciaipeirmeitrin	0.3	2
		ipróidé-ón	8.73	10
68792	Éire	**asocsastróibin**	**3.72**	**3**
		ipróidé-ón	0.98	10
		ciaipeirmeitrin	0.65	2
		tolclofos-me	0.13	Níl UTI ann
68804	An Spáinn	próicímeadón	3	5
68812	An Spáinn	tolafluainid	0.09	
		próicímeadón	0.03	5
		teibeacónasól	0.04	Níl UTI ann
68813	Éire	ipróidé-ón	0.02	10
		próipisimíd	0.04	1
68814	An Spáinn	próicímeadón	0.05	5
		pirimeatanail	0.02	Níl UTI ann
68816	An Spáinn	próicímeadón	0.06	5
		pirimeatanail	0.04	Níl UTI ann
68851	An Spáinn	miotalaicsil	0.03	2
68869	An Spáinn	miotalaicsil	0.03	2
68963	Éire	tolclofos-me	0.07	Níl UTI ann
		ciaipeirmeitrin	0.1	2
		próipisimíd	0.04	1
		ipróidé-ón	0.88	10
68979	Éire	tolclofos-me	0.03	Níl UTI ann
		ipróidé-ón	0.22	10
		pirimicharb	0.03	Níl UTI ann
69101	Éire	próipisimíd	0.09	1
		démheitiáit	0.03	0.5
		óimeatóáit	0.03	0.5
		ipróidé-ón	0.05	10
69161	An Ríocht Aontaithe	pirimicharb	0.22	Níl UTI ann
69196	Éire	ipróidé-ón	0.05	10
69275	Éire	ciaipeirmeitrin	0.06	2
69276	Éire	óimeatóáit	0.09	0.5
		démheitiáit	0.19	0.5
		próipisimíd	0.06	1
		ciaipeirmeitrin	0.1	2
69289	An Ríocht Aontaithe	lambda-cihaileatrin	0.07	1
		pirimicharb	0.05	Níl UTI ann
69309	An Ríocht Aontaithe	lambda-cihaileatrin	0.03	1
69312	Éire	próipisimíd	0.05	1
		óimeatóáit	0.1	0.5
		démheitiáit	0.39	0.5

Uimhir an tSampla	An Tír Bhunaidh	Lotnaidicíd a aimsíodh	Iarmhar (mg/kg)	UTI (mg/kg)
		ciaipeirmeitrin	0.07	2
69359	Éire	ipróidé-ón	0.25	10
69364	Éire	próipisimíd	0.25	1
		lambda-cihaileatrin	0.17	1
		asocsastróibin	0.07	3
		ipróidé-ón	0.04	10
		óimeatóáit	**0.49**	**0.5**
		démheitiáit	**3.86**	**0.5**
		ciaipeirmeitrin	**2.36**	**2**
		malaitian	0.64	3
69365	Éire	ciaipeirmeitrin	0.18	2
		démheitiáit	0.03	0.5
		próipisimíd	0.12	1
69374	An Ísiltír	óimeatóáit	0.03	0.5
69427	Éire	ipróidé-ón	0.24	10
69440	Éire	ipróidé-ón	0.34	10
69443	Éire	ipróidé-ón	0.02	10
		ciaipeirmeitrin	0.09	2
		próipisimíd	**1.67**	**1**
69475	Éire	ciaipeirmeitrin	0.13	2
69591	Éire	ciaipeirmeitrin	0.05	2
		pimeitreasín	0.33	1
69643	An Ríocht Aontaithe	ipróidé-ón	0.08	10
69806	Éire	ciaipeirmeitrin	0.31	2
		pimeitreasín	0.28	1
69817	Éire	ipróidé-ón	0.26	10
		próipisimíd	0.02	1
		demeton-s-me-sulfón	0.04	0.05
		pirimicharb	0.12	Níl UTI ann
		pimeitreasín	0.14	1
		2.5.2 Spionáiste & a leithéid		**2.5.2.2 Spionáiste**
69280	Éire	miotalaicsil	0.03	0.05
		cairbeandaisim	**0.25**	**0.1**
69849	An Spáinn	ciaipeirmeitrin	0.05	0.5
		2.5.5 Luibheanna		**2.5.5.2 Rocket**
68689	An Spáinn	próicímeadón	0.02	0.02
68741	An Spáinn	cipróidinil	0.11	Níl UTI ann
69285	An Ríocht Aontaithe	miotalaicsil	0.03	2
2.6 Glasraí Léagúmacha		**2.6.2 Piseanna**		**2.6.2.1 Mangetout**
69344	An Chéinia	óimeatóáit	0.04	1
		démheitiáit	0.04	1
				2.6.2.2 Piseanna (i gcochall)
69468	Éire	clóratailinil	0.04	0.3
69470	Éire	clóratailinil	0.06	0.3
69802	Ní Fios	Fíoncleasóilin	0.02	0.3
69803	Ní Fios	Fíoncleasóilin	0.13	0.3
		próicímeadón	0.02	0.3
69805	Ní Fios	tiofanáit-meitile	0.01	0.1

Uimhir an tSampla	An Tír Bhunaidh	Lotnaidicíd a aimsíodh	Iarmhar (mg/kg)	UTI (mg/kg)
		Fíoncleasóilin	0.14	0.3
2.7 Glasraí Gasacha		**2.7.1 Soilire**		
68724	An Spáinn	pirimeatanail	0.02	Níl UTI ann
68794	An Spáinn	clóratailinil	0.18	10
68967	An Spáinn	**próicímeadón**	**0.03**	**0.02**
	An Ríocht			
69306	Aontaithe	clóratailinil	0.08	10
69807	Éire	clóratailinil	1.72	10
69808	Éire	clóratailinil	0.61	10
69814	Éire	clóratailinil	1.29	10
69983	Éire	clóratailinil	0.49	10
2.8 Fungais		**2.8.1 Muisiriúin**		
68695	Éire	próclóras	0.04	2
68803	Éire	próclóras	0.05	2
69290	Éire	próclóras	0.05	2
69426	Éire	próclóras	0.03	2
2.11 Práta		**2.11.1 Práta Margaidh**		
68682	Éire	ocsaidiocsail	0.02	Níl UTI ann
68828	Éire	clórprófam	0.98	10
68829	Éire	clórprófam	0.58	10
68953	An Fhrainc	clórprófam	4.59	10
69104	An Fhrainc	clórprófam	0.05	10
69369	An Fhrainc	clórprófam	0.02	10
69980	An Fhrainc	clórprófam	0.03	10
69981	An Fhrainc	clórprófam	0.63	10

Clár Samplála Reachtúil/ Spriocdhírithe

Glacadh trí shampla dhéag de thorthaí milse agus glasraí le linn 2006 mar leanúint ar sháruithe ar an Uasteorainn Iarmhair (UI) a tharla in 2005 nó mar fhreagairt ar fhógra Mear-Airdill. Glacadh dhá shampla acu sin mar shamplaí reachtúla. Tá na torthaí ón anailís ar na samplaí sin tugtha i dTábla 3 thíos.

De bhunadh na hÉireann ba ea naoi gcinn de na samplaí. Onnmhairí ó thíortha AE eile nó ó thríú tíortha ba ea na honnmhairí eile. Ní raibh aon iarmhair sho-bhraite i gceithre cinn de na samplaí. Díríodh ar shampla amháin acu sin, sampla uimhir 69582, toisc drochamhras a bheith ann gur baineadh úsáid mhídhleathach as an lotnaidicíd cairbeandaisim ar shútha talún. Bhí cairbeandaisim i sampla amháin a tógadh ón aonad táirgeachta agus ní ón margadh, rud a dheimhnigh gur tharla sé gur baineadh úsáid neamhdhleathach as táirge cosanta plandaí. Rinneadh iniúchadh ar an áitreabh agus tugadh foláireamh don táirgeoir go gcuirfí gníomh reachtúil i bhfeidhm ina leith dá mbraithfí go raibh aon úsáid mhídhleathach eile á baint as táirgí cosanta plandaí ina chuid táirgí.

Sampla reachtúil leitíse, sampla uimhir 64903, sampla ba leanúint ar an sampla spriocdhírithe, is amhlaidh a sháraigh sé UI. Mar thoradh ar an sárú sin, scriosadh an barr leitíse agus an choinsíneacht.

Leanfar in 2007 den pholasaí spriocdhíriú ar shamplaí de thorthaí agus glasraí a bhfuarthas amach go raibh iarmhair iontu de bhreis ar UIanna i gclár samplála 2006 agus aon samplaí a bhfaighfear amach ina leith go bhfuil sárú iontu ar na rialacháin cuirfear gníomh reachtúil mar is cuí i bhfeidhm ina leith.

Iarmhair lotnaidicídí a braitheadh i samplaí spriocdhírithe de thorthaí milse agus glasraí, 2006.

Tráchtearra	Uimhir an tsampla	Leanúint ar uimhir an tsampla	An tír tionscnaimh	Iarmhar a braitheadh	Iarmhar (Mg/kg)	UI (mg/kg)
Oráiste	68656	64689	An Spáinn	cairbeandaisim	0.05	5
				Tiaibeindeasól+	3.09	5
				Clóraipireafos+	0.07	0.3
						Gan aon
				Fosmeit+	0.06	UI
Oráiste	68766	64856	An Spáinn	Tiaibeindeasól+	1.39	5
Sú talún*	69564	69441	Éire	Pireaclostróbain+	0.121	0.5
						Gan aon
				pirimeatanail	2.77	UI
				Ipróidé-ón+	0.14	10
Sú talun**	69582	69441	Éire			Gan aon
				pirimeatanail	2.29	UI
				Micleabúntainil+	0.41	1
				asocsastróibin +	0.38	2
				cairbeandaisim	2.18	0.1
				Asocsastróibin+	0.061	2
Sú talún	69614	69441	Éire			Gan aon
				Búiphirimáit+	0.021	UI
Leitís	68772	64731	An Spáinn			Gan aon
				Teibeaconasól+	0.07	UI
				Próiciamideon +	0.2	5
						Gan aon
				Tolafluainid+	0.07	UI
				Ciaipeirmeitrin+	0.05	2
Leitís	69100	68760	Éire	Ciaipeirmeitrin+	0.16	2
Leitís	69403	69364	Éire	déimheitiáit	0.86	0.5
				óimeatóáit	0.14	0.5
				Ciaipeirmeitrin+	0.13	2
Leitís*	68963	64951	Éire			Gan aon
				tolclofos-me+	0.07	UI
Spionáiste	68744	64726	An Spáinn	TADA	0	0
Muisiriún	69834	Imscrúdú speisialta	Éire	TADA	0	0
Muisiriún	69835	"	Éire	TADA	0	0
Práta (ware)	69752	62665	Éire	TADA	0	0

* = Glacadh na samplaí sin mar shamplaí reachtúla d'fhonn gníomh reachtúil a thionscnamh in aghaidh úinéir na dtáirgí sa chás go mbraithfí iarmhair lotnaidicídí neamhdhleathacha, de bhreis ar MRL, iontu.

** = Glacadh an sampla sin mar fhreagairt ar úsáid neamhdhleathach Cairbeandaisim, rud nach bhfuil ceadaithe in Éirinn lena úsáid ar Shútha Talún. Glacadh an sampla ón aonad táirgeachta rud a fhágann nach bhfuil feidhm ag an reachtaíocht UI i leith na dtorthaí a fuarthas.

B GRÁNAIGH

i Gnáthchlár monatóireachta

In 2006, rinneadh anailís ar 52 shampla gnáthaimh (20x grán cruithneachta, 2x calóga cruithneachta, 1x calóga eorna, 20x grán coirce, 2x calóga coirce, 1x bran coirce, 1x coirce ceann bioráin agus 5x grán ríse) de bhunadh baile agus allmhairithe araon le haghaidh iarmhar de 153 lotnaidicíd agus meitibilít (Aguisín V). Bhí iarmhair lotnaidicíde i bhfiche sampla a ndearnadh anailís orthu. Bhí iarmhair dé-aisionóin i gcúig shampla coirce de bhreis ar UI agus iarmhair clórprófaim* i dtrí cinn acu. Níl ceachtar den dá lotnaidicíd sin ceadaithe in Éirinn lena n-úsáid ar choirce.

Bunaíodh imscrúdú spriocdhírithe, a bhfuil cur síos air thíos, chun a fháil amach cad é ba chúis leis na hiarmhair dé-aisionóin a braitheadh.

Léiríodh le measúnuithe priacail i gcás cothú nár bhaol do thomhaltóirí na hÉireann na hiarmhair lotnaidicídí a fuarthas sna samplaí gránacha.

Ar an gcaoi chéanna i gcás chlorphropham, tionscnaíodh imscrúdú ar leithligh chun a fháil amach cén fáth a raibh iarmhair dá leithéid i gcoirce.

Tá achoimre ar na torthaí anailíseacha le fáil i dTáblaí 4 agus 5 thíos. Tá UIanna ann i láthair na huaire le haghaidh 169 lotnaidicíd éagsúla i ngránaigh, a bhfuil 95 acu sin ar áireamh sa chlár faireacháin.

Tábla 4:- Gnáthshamplaí gránaigh a ndearnadh anailís orthu maidir le hiarmhar lotnaidicíde in 2006

Tráchtearra	Líon samplaí a anailísíodh	Líon Baile Samplaí	Líon Allmhairithe Samplaí	Iarmhair		
				> UI	UI	NBAI*
Grán cruithneachta	20	9	11	0	7	13
Calóga cruithneachta	2	0	2	0	0	2
Calóga eorna	1	0	1	0	0	1
Grán coirce	20	20	0	5	6	9
Calóga coirce	2	2	0	0	1	1
Bran coirce	1	0	1	0	0	1
Coirce ceann biorán	1	1	0	0	1	0
Rís	5	0	5	0	0	5
Iomláin	52	32	20	5	15	32

* NBAI = Níor braitheadh aon iarmhar.

Tábla 5:- Iarmhair lotnaidicíde a aimsíodh i ngnáthshamplaí gránaigh in 2006

Uimhir an tsampla	An tír tionscnaimh	Iarmhar a braitheadh	Iarmhar (mg/kg)	MRL (mg/kg)
Gránaigh	1.0 Grán Cruithneachta			
69318	An Ríocht Aontaithe	Pirimfos-me+	0.08	5.0
		Malaitian	0.54	8
		Dé-feintrin+	0.07	0.5
69319	An Ríocht Aontaithe	Pirimfos-me+	0.42	5.0
69323	An Fhrainc	Chlorpyriphos-me+	0.03	3.0
		Malaitian	0.34	
		Deiltemeitrin+	0.08	1.0
69539	An Fhrainc	Malaitian	0.02	8.0
69542	Éire	Pirimfos-me+	0.04	8.0
69915	Éire	Pirimfos-me+	0.05	3.0
69917	Éire	Pirimfos-me+	0.04	
	3.0 Grán coirce			
68579	Éire	Peirmitrin+	0.02	0.05
68582	Éire	Peirmitrin+	0.02	0.05
69578	Éire	Clórprofam+	0.12	Gan aon UI
69579	Éire	Clórprófam+	0.05	Gan aon UI
69617	Éire	Clórprófam+	0.09	No UI
69866	Éire	Dé-aisionón	0.44	0.02
69875	Éire	Dé-aisionón	0.02	0.02
69876	Éire	Dé-aisionón	1.22	0.02
69877	Éire	Dé-aisionón	0.51	0.02
69878	Éire	Dé-aisionón	0.04	0.02
69879	Éire	Dé-aisionón	0.49	0.02
	3.2 Calóga coirce			
69581	ÉIRE	Clórprófam+	0.2	Gan aon UI
	3.3 Coirce ceann biorán			
69580	ÉIRE	Clórprófam+	0.09	Gan aon UI

ii Clár Samplála Spriocdhírithe

In 2005, níor aimsíodh aon sárú ar UI i ngránaigh, agus dá réir sin níor fachtóiríodh aon sampláil spriocdhírithe ar ghránaigh isteach i gclár rialaithe iarmhar 2006. In 2006, de bharr gur braitheadh iarmhair clórprófaim+ agus dé-aisionóin i gcoirce is amhlaidh a lean as sin gur tugadh faoi dhá chlár imscrúdaithe speisialta a dhéanamh toisc nach raibh aon údarú ann leis na substaintí sin a úsáid ar choirce in Éirinn. Iarradh ar lucht na n-imscrúduithe an chúis a bhí leis an bhfadhb agus méid na faidhbe a fuarthas a chinneadh d'fhonn na bearta ba ghá chun déileáil leis an bhfadhb a chur i ngníomh.

Maidir leis an imscrúdú ar iarmhair dhé-aisionóin sa choirce níor léirigh sé go bhféadfadh go raibh úsáid neamhdhleathach á baint as lotnaidicíd sin ar choirce. Léirigh sé go raibh éilliú logánta ar shamplaí cáilíochta gráin ag pointe éigin tar éis an tsampláil a bheith déanta agus laistigh den íosta gráin. Ní raibh aon iarmhair dé-aisionóin sa ghrán bulcstóráilte agus dá réir sin ní raibh aon riosca gaolmhar ag gabháil leis do thomhaltóirí. Bunaíodh clár dearbhaithe cáilíochta leis an gcuideachta don chuid eile de 2007, lenar daingníodh na tátail sin.

I gcás na n-iarmhar chlorophram+ a braitheadh, fuarthas amach ó imscrúduithe ag íosta stórais gráin go raibh ceangal idir grán éillithe agus soláthraí áirithe. Léirigh na torthaí go ndearna roinnt gníomhaíochta ar an bhfeirm, cibé acu beartaithe nó de thaisme, an grán a éilliú sular seachadadh é. Toisc gur fhág sé go raibh idir impleachtaí trádála agus impleachtaí traschomhlíonta ag gabháil le hiarmhair chlorophram a bheith i ngrán coirce agus i dtáirge coirce cuireadh in iúl do na Rannáin iomchuí sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Foraoiseachta gur aimsíodh na hiarmhair. Tá torthaí an imscrúdaithe spriocdhírithe speisialta leagtha amach i dTábla 6 thíos.

Tábla 6:- Samplaí gránaigh spriocroghnaithe a ndearnadh anailís orthu d'iarmhair lotnaidicíde in 2006

Tráchtearra	Líon Samplaí a Anailísíodh No. of Samples analysed	Líon Samplaí Baile No. of Domestic Samples	Líon samplaí allmhairithe	>MRL	Iarmhair < UI nó gan aon UI	ND
Coirce	211	211	0	0	48**	163
Crotail choirce	1	1	0	0	0	1
Coirce, mín gránaigh	1	1	0	0	0	1
Calóga coirce	2	2	0	0	0	2

**= Níor bunaíodh aon UI do chlórprófam i ngrán gránach in 2006. Anailísíodh samplaí ar dtús chun a chinneadh an raibh nó nach raibh iarmhair clórprófaim iontu. Rinneadh líon ionadaíoch samplaí ón gcohórt a bhí dearfa i leith iarmhar clórprófaim a ath-anailísiú agus cainníochtaíodh na leibhéil iarmhair a bhí iontu. Áirítear sa tábla achoimre thuas na samplaí go léir a bhí dearfa sa tástáil. Ní thuairiscítear thíos ach na samplaí sin inar cainníochtaíodh an t-iarmhar clórprófaim.

Samplaí spriocdhírithe de ghránaigh ina raibh iarmhair lotnaidicíde (grán coirce na samplaí go léir.

Uimhir an tSampla	An tír tionscnaimh	Iarmhar a braitheadh	Iarmhar (mg/kg)	UI (mg/kg)
69615	ÉIRE	clórprófam	0.13	Gan aon UI
69616	ÉIRE	clórprófam	0.09	Gan aon UI
69618	ÉIRE	clórprófam	0.07	Gan aon UI
69622	ÉIRE	clórprófam	0.03	Gan aon UI
69624	ÉIRE	clórprófam	0.1	Gan aon UI
69625	ÉIRE	clórprófam	0.09	Gan aon UI
69627	ÉIRE	clórprófam	0.06	Gan aon UI
69633	ÉIRE	clórprófam	0.09	Gan aon UI
69634	ÉIRE	clórprófam	0.1	Gan aon UI
69635	ÉIRE	clórprófam	0.23	Gan aon UI
69691	ÉIRE	clórprófam	0.03	Gan aon UI
69714	ÉIRE	clórprófam	0.03	Gan aon UI
69760	ÉIRE	clórprófam	0.61	Gan aon UI
69765	ÉIRE	clórprófam	0.11	Gan aon UI
69777	ÉIRE	clórprófam	0.04	Gan aon UI
69778	ÉIRE	clórprófam	0.05	Gan aon UI
69785	ÉIRE	clórprófam	0.07	Gan aon UI
69787	ÉIRE	clórprófam	0.05	Gan aon UI
69788	ÉIRE	clórprófam	0.07	Gan aon UI
69790	ÉIRE	clórprófam	0.09	Gan aon UI
69791	ÉIRE	clórprófam	0.09	Gan aon UI
69793	ÉIRE	clórprófam	0.11	Gan aon UI

Nótáil: i gcás gráin coirce leis na huimhreacha sampla 69691, 69761, 69762, 69763, 69764, 69766, 69767, 69768, 69769, 69772, 69773, 69774, 69775, 69776, 69780, 69781, 69782, 69783, 69784, 69786, 69789, 69792, 69830, 69831, 69833 bhí iarmhair sho-bhraite chlorphropham iontu ar fad ach níor cainníochtaíodh na leibhéil iarmhair.

C BIA DE BHUNADH AINMHITHE

Is é a bhí i gceist leis an gclár faireacháin do bhia de bhunadh ainmhithe in 2006 ná anailís ar shamplaí d'fheoil úr, bainne, táirgí déiríochta, uibheacha agus mil de bhunadh na hÉireann. Rinneadh anailís ar fheoil bhuaibheach (114), feoil caorach (73), feoil mhuice (63), feoil éanlaithe clóis (23), fiafheoil (6), feoil capaill (8) chomh maith le 11 sampla d'uibheacha le haghaidh iarmhar 55 lotnaidicíd agus a gcuid meitibilítí agus freisin le haghaidh comhaicmeach défheinile polaclóirínithe [uimhreacha 28, 52, 101, 118, 138, 153 agus 180] (Aguisín VI). Chomh maith leis sin rinneadh anailís ar 10 sampla de mhil le haghaidh 153 iarmhar agus meitibilít. (Aguisín V).

Bunaíodh UIanna le haghaidh 122 lotnaidicíd agus áiríodh 34 acu sin i gclár faireacháin 2006. Is é is défheinilí polaclóirínithe ann comhdhúile marthanacha orgánaclóirín a scaoileadh isteach sa timpeallacht san am a caitheadh ó fhoinsí tionsclaíocha ach a bhfuil scortha dá n-úsáid ó shin. Áirítear iad sa chlár faireacháin iarmhar toisc go bhfuil daoine buartha faoi iad a bheith le fáil i mbia agus an bhaint atá acu le débheinsea-dé-ocsainí polaclóirínithe.

1 Bia Bólachta

i Gnáthchlár monatóireachta

Rinneadh anailís ar chéad agus ceathair déag sampla d'fheoil bhuaibheach in 2006. Tá mionsonraí faoi na torthaí anailíseacha, mar ar braitheadh iarmhair lotnaidicíde, leagtha amach i dTábla 7. San iomlán fuarthas iarmhair lotnaidicíde inbhraite i 4 shampla nó 3.5% de na samplaí Bólachta a anailísíodh. Bhí DDT i dtrí cinn de na ceithre shampla (mar ppDDE meitibilíte) agus bhí iarmhar liondáin sa sampla eile acu sin. I gcás na leibhéal iarmhair a braitheadh le haghaidh pp-DDE, bhí siad sa raon 0.005 go dtí 0.009 mg/kg agus meastar gurbh ann dóibh ó leibhéil chúlra san ithir mar thoradh ar úsáid a bhaintí roimhe sin as nó as rianleibhéil a bhí sa bheatha a ghlacadh isteach.

Ar an gcaoi chéanna bhí an t-iarmhar liondáin - ag 0.005 mg/kg - ar rianleibhéal freisin agus féadfaidh gurbh ann dó mar thoradh ar chomhábhar bia a thomhailt ina raibh iarmhair liondáin, sin nó mar thoradh ar theagmháil le táirgí adhmaid ar an bhfeirm a cóiríodh le liondáin. Níor sáraíodh UI i gcás aon cheann de na samplaí a anailísíodh agus níor measadh go raibh na hiarmhair a braitheadh suntasach ó thaobh shábháilteacht an tomhaltóra de. Tá na cainníochtaí de lotnaidicíde orgánaclóirín a braitheadh agus a tuairiscíodh an-íseal ar fad agus léiríonn siad a íogaire atá na modheolaíochtaí anailíseacha atá in úsáid faoi láthair. Níor braitheadh iarmhair défheinilí polaclóirínithe in aon cheann de na samplaí mairteola a anailísíodh.

Tábla 7:- Iarmhair lotnaidicíde a aimsíodh i saill dúáin bólachta in 2006

Uimhir an tSampla	An tír tionscnaimh	Iarmhar a Braitheadh	Iarmhar (mg/kg saille)	UI (mg/kg saille)
67819	Éire	Liondáin	0.005	0.02
67606	Éire	pp-DDE	0.005	1.0
67631	Éire	pp-DDE	0.009	1.0
67634	Éire	pp-DDE	0.007	1.0

ii Clár Samplála Spriocdhírithe

Toisc nach raibh aon sáruithe ar UIanna lotnaidicídí i samplaí bólachta a anailísíodh le blianta beaga anuas, níor tugadh faoi shampláil spriocdhírithe ar fheoil bólachta in 2006.

2. Feoil Caorach

Rinneadh anailís ar thrí shampla is seachtó d'fheoil caorach in 2006. Tá mionsonraí de thorthaí anailíseacha na samplaí ina bhfuarthas iarmhair lotnaidicíde leagtha amach i dTábla 8. Fuarthas iarmhair sho-bhraite i seacht sampla (9.6%) de na samplaí a anailísíodh. Braitheadh iarmhair DDT (mar pp-DDE), difocol+, díldrine, agus dé-aisionóin. Tá UIanna bunaithe do gach aon cheann de na comhdhúile sin i bhfeoil caorach. Is ar leibhéil íseal a bhí na hiarmhair pp-DDE agus díldrine a braitheadh, agus iad ar fad níos lú ná 0.04 mg/kg, agus meastar gurbh ann dóibh mar thoradh ar an úsáid a bhaintí roimhe seo as na lotnaidicídí sin. Is dócha gur léiriú atá sna hiarmhair ar leibhéil rianéillithe de na comhdhúile sin a iongbhabháil ón ithir nó mar rianábhair shalaithe in ábhar beatha.

I gcás difocoil, is é is dócha gurb é is cúis leis na hiarmhair a bheith ann ná tomhailt comhábhair bia éigin ina raibh iarmhair difocoil. Fuarthas iarmhair difocoil san am a caitheadh i laíon citris a bhféadfaidh go raibh sé ar áireamh in ábhar beatha d'ainmhithe agus gur ar an dóigh sin a aistríodh na hiarmhair sin isteach i dtáirgí ó ainmhithe.

Bhí na hiarmhair dé-aisionóin ar leibhéal níos airde, 0.024 agus 2.0 mg/kg, rud a sháraigh UI i gcás amháin. Údaraíodh dé-aisionón lena úsáid mar dhip chaorach in 2006 agus i gcás iarmhair a bheith ag sárú UI tugann sé le fios gurb amhlaidh nár comhlíonadh an tréimhse choinneála siar nó go raibh tiúchan an tuaslagtha dipe níos airde ná mar a moladh ar an lipéad.

Níor measadh go raibh tábhacht leis na hiarmhair i dtaca le sábháilteacht an tomhaltóra.

Tábla 8:- Iarmhair lotnaidicíde a aimsíodh i saill dúáin caorach in 2006.

Uimhir an tSampla	An tír tionscnaimh	Iarmhar a braitheadh	Iarmhar (mg/kg saille)	UI (mg/kg saille)
67552	Éire	pp-DDE	0.02	1
67553	Éire	Dieldrin	0.04	0.2
67556	Éire	Dicofol	0.01	0.05
67564	Éire	pp-DDE	0.007	1.0
67593	Éire	pp-DDE	0.034	1.0
67712	Éire	Dé-aisionón	2.0	0.7
67839	Éire	Dé-aisionón	0.24	0.7

ii Clár samplála spriocdhírithe

Toisc nach raibh aon sáruithe ar UIana lotnaidicídí i samplaí caorach a anailísíodh le blianta beaga anuas, níor tugadh faoi shampláil spriocdhírithe ar fheoil caorach in 2006.

3. Feoil Mhuice

i Gnáthchlár monatóireachta

Rinneadh anailís ar thrí shampla is trí scór de shaill mhuice in 2006. Tá mionsonraí de na torthaí anailíseacha ina bhfuarthas iarmhair lotnaidicídí leagtha amach thíos i dTábla 9. Fuarthas amach go raibh iarmhar lotnaidicídí inbhraite le fáil i dtrí shampla (4.8%), de mhalairt ar 2003 agus 2004 nuair nach bhfuarthas aon iarmhair sho-bhraite agus i gcomparáid le 2005 mar a bhfuarthas go raibh iarmhair sho-bhraite i 4.3% de na samplaí. Tá na torthaí leagtha amach i dTábla 8 thíos. Léirigh measúnú ar na hiarmhair a bhí ann nach raibh tábhacht leo ó thaobh shábháilteacht an tomhaltóra de. Sáraíodh an UI do liondán i sampla amháin.

Uimhir an tSampla	An tír tionscnaimh	Iarmhar a braitheadh	Iarmhar (mg/kg saille)	UI (mg/kg saille)
67577	Éire	pp-DDE	0.005	1.0
67592	Éire	Dicofol	0.008	0.05
67766	Éire	Liondán	0.04	0.02
Samplaí spriocdhírithe 2006 ina raibh iarmhair lotnaidicídí				
67845	Éire	Liondán	0.007	0.02
67846	Éire	Liondán	0.005	0.02

ii Clár Samplála Spriocdhírithe

I gcás samplaí muiceola ní raibh aon sárú ar UI lotnaidicídí le roinnt blianta anuas anall go dtí 2005, agus an bhliain sin san áireamh. Rinneadh imscrúdú ar iarmhar liondáin a braitheadh, de bhreis ar an UI, in aon sampla muice d'fhonn cúis an tsáraithe sin a chinneadh. Measadh gur dócha gur dhíorthaigh na hiarmhair a bhí sa mhuiceoil, ag na leibhéil a aimsíodh, ó iarmhair liondáin a bheith i láthair in ábhar beatha do mhuca nó i bhfoinse eile nach fios céard é.

Rinneadh anailís ar dhá shampla dhéag d'ábhar beatha do mhuca agus ar thrí shampla dhéag de chomhábhair bheatha do mhuca [pónaire shoighe (6x), ola shoighe (2x), geir (3x), ola ráibe (1x) agus pis phróitéine (1x) ón soláthaí ábhair beatha go dtí an t-aonad táirgthe muc. Fuarthas amach go raibh na samplaí uile d'ábhar beatha agus de chomhábhair bheatha saor ó iarmhair liondáin.

Maraíodh dhá mhuc bhreise ón aonad táirgeachta d'fhonn a chinneadh ar lean iarmhair liondáin de bheith i muca ón aonad táirgeachta. Tá na torthaí leagtha amach i dTábla 9 thuas mar a léirítear go bhfuil rianiarmhair le fáil ar leibhéil liondáin ba lú ná an UI. Léiríonn na torthaí nach é an t-ábhar beatha do mhuca is foinse do na hiarmhair liondáin ach go bhfuil foinse truaillithe ó liondán fós laistigh den aonad táirgeachta muc. Toisc go raibh na leibhéil iarmhair ar fad íseal agus nár sháraigh siad an UI ar iad a dhéanamh arís agus nár bhaol do thomhaltóirí dá mbarr, níor glacadh aon bheart breise chun an cheist a réiteach.

4. Táirgí Déiríochta

i ngnáthchlár monatóireachta do 2006

Rinneadh anailís ar naoi shampla is caoga de bhainne in 2006. Ní raibh aon iarmhair lotnaidicídí inbhraite le fáil in gceann ar bith de na samplaí.

ii Clár Samplála Spriocdhírithe

Toisc nár sáraíodh UI lotnaidicídí i samplaí bainne le roinnt blianta anuas, níor tugadh faoi shampláil spriocdhírithe ar tháirgí bainne in 2006.

5. Fiafheoil

Rinneadh anailís ar shé shampla fiafheola in 2006. Níor braitheadh aon iarmhair lotnaidicídí sna samplaí a anailísíodh. Níor tugadh faoi aon shampláil spriocdhírithe toisc nach raibh aon tuairisc ar sháruithe UI lotnaidicídí sna blianta roimhe sin.

6. Éanlaith Chlóis

Rinneadh trí shampla is fiche de shaill éanlaithe clóis a anailísiú féachaint an raibh aon iarmhair lotnaidicídí ann. Fuarthas amach go raibh iarmhair inbhraite liondáin agus díldrine in dhá shampla (8.7%). Is ar rianleibhéil a bhí na hiarmhair sin, £ 0.01 mg/kg, agus níor sháraigh siad UI le haghaidh liondáin ná díldrine i bhfeoil éanlaithe clóis. Tá mionsonraí na dtorthaí anailíseacha a aimsíodh leagtha amach i dTábla 10.

Tábla 10:- Iarmhair lotnaidicídí a aimsíodh i saill éanlaithe in 2006

Uimhir an tSampla	An Tír Tionscnaimh	Iarmhar a aimsíodh	Iarmhar (mg/kg saille)	UI (mg/kg saille)
67719	Éire	Liondán	0.01	0.02
		Díldrin	0.006	0.2
67771	Éire	Liondán	0.007	0.02

Ní léir cad is foinse do na hiarmhair rianliondáin agus riandíldrine agus féadfaidh go bhfuil baint acu le rianiarmhair in ábhar beatha d'éanlaith, sin nó baint a bheith acu le scamhacháin adhmaid a úsáidtear i dtaca le heasair éanlaithe clóis a mhonarú. Is minic a chóirítear adhmad le leasaitheach adhmaid agus san am a caitheadh is amhlaidh a bhíodh liondán agus díldrin le fáil i leasaithigh adhmaid áirithe. Féadfaidh gur eascair an truailliú a braitheadh as sean-adhmad a úsáid chun easair éanlaithe clóis a tháirgeadh, ar adhmad é a cóiríodh tráth éigin leis na leasaithigh sin. Bhí na hiarmhair a fuarthas in 2006 an-íseal ar fad agus ní mheastar aon tábhacht a bheith leo ó thaobh shábháilteacht tomhaltóirí de.

Níor tugadh faoi aon sampláil spriocdhírithe toisc nach raibh aon tuairisc ar sháruithe UI lotnaidicídí sna blianta roimhe sin.

7. Uibheacha

Rinneadh anailís ar aon sampla dhéag d'uibheacha. Ní aimsíodh iarmhair lotnaidicídí inbhraite i gceann ar bith de na samplaí. Tá sé sin ag teacht leis na torthaí chláir faireacháin 2003, 2004 agus 2005.

Níor tugadh faoi aon sampláil spriocdhírithe in 2006 toisc nach raibh aon tuairisc ar sháruithe UI lotnaidicídí sna blianta roimhe sin.

8. Mil

Rinneadh anailís ar dheich sampla meala. Níor aimsíodh iarmhair lotnaidicídí inbhraite i gceann ar bith de na samplaí. Is ionann an toradh sin agus an toradh sna blianta roimhe sin. Níor tugadh faoi aon sampláil spriocdhírithe in 2006 toisc nach raibh aon tuairisc ar sháruithe UI lotnaidicídí sna blianta roimhe sin.

9. Feoil Capaill

Rinneadh anailís ar ocht sampla saille capaill in 2006. Níor braitheadh aon iarmhar lotnaidicídí sna samplaí a anailísíodh. Ba é seo an chéad bhliain a áiríodh feoil capaill sa chlár agus níor áiríodh aon chlár spriocdhírithe ann.

D SAMPLAÍ ILGHNÉITHEACHA AGUS SAMPLAÍ GEARÁIN

Fuarthas thrí shampla gearáin [sampla amháin i ngach cás de bhrocailí agus de phráta chomh maith le scóna donn] mar shamplaí gearáin in 2006 agus rinneadh anailís orthu féachaint an raibh iarmhair lotnaidicídí iontu. Tomhaltóirí a chuir na samplaí sin ar aghaidh lena n-anailísiú toisc go rabhadar buartha faoi cháilíocht na dtáirgí sin. Tá torthaí na n-anailísí sin leagtha amach i dTábla 11. Ní raibh iarmhair lotnaidicídí inbhraite in aon cheann de na samplaí a cuireadh ar aghaidh. Tugadh tuairisc oifigiúil ina raibh mionsonraí faoi na torthaí a fuarthas do gach duine de na gearánaigh.

Tábla 11: Iarmhair lotnaidicídí a aimsíodh i samplaí ilghnéitheacha agus samplaí gearáin in 2006

Uimhir an tSampla	An Tír tionscnaimh	Iarmhar a aimsíodh	Iarmhar (mg/kg)	UI (mg/kg)
Samplaí gearáin.				
69199, Brocailí	Ní fios	Tada		
69987, Práta *Ware*	Unknown	Tada		
69988 Scóna donn	Éire	Tada		

E TÁIRGÍ ORGÁNACHA

In 2006, rinneadh anailís ar 49 sampla de thorthaí agus glasraí, a dúradh a bheidh de bhunadh orgánach, le haghaidh iarmhar lotnaidicídí. In Éirinn a táirgeadh dhá shampla acu sin, b'as tíortha eile AE aon cheann déag is fiche acu agus is i dtríú tíortha a táirgeadh na sé cinn déag eile.

Ní raibh aon iarmhar lotnaidicídí inbhraite i aon sampla agus dhá scór acu. Bhí rianleibhéil lotnaidicídí in ocht sampla. Bhí 7 sampla acu sin £ 0.05 mg/kg agus 0.26mg/kg an léamh a fuarthas san ochtú ceann. I gcás na n-ocht sampla ina raibh iarmhair lotnaidicídí, ba de bhunadh Iodálach x2, de bhunadh na Spáinne x3, de bhunadh na Sile x1, na hAfraice Theas x1 agus Uragua x1. Na leibhéil lotnaidicídí a fuarthas bhíodar an-íseal agus ní rabhthas buartha ar chor ar bith faoi shábháilteacht tomhaltóirí. Tá sé le tuiscint, áfach, ó na hiarmhair lotnaidicídí a fuarthas go mb'fhéidir nach bhfuil na córais táirgeachta atá ann ag teacht leis na ceanglais táirgeachta orgánaí nó gur truaillíodh na samplaí le rianleibhéil lotnaidicídí. Cuireadh torthaí na dtástálacha sin ar aghaidh go dtí oifigigh na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Foraoiseachta a rialálann táirgí orgánacha.

Tá liosta na dtáirgí a anailísíodh liostaithe i dTábla 12 thíos agus tá na samplaí sin ina raibh torthaí dearfa leagtha amach i dTábla 13.

Tábla 12.

Samplaí de tháirgí orgánacha a ndearnadh anailís orthu in 2006.		
Tráchtearra	An líon samplaí a anailísíodh	Tíortha tionscnaimh
Oráiste	5	An Iodáil (2), An Afraic Theas (2) agus Uragua
Úll	4	An Iodáil (2) , An Airgintín (2).
Piorra	4	An Airgintín (2), An Iodáil (1) agus An Spáinn (1).
Péitseog	1	An Iodáil (1).
Banana	6	An Phoblacht Dhoiminiceach (6).
Cíobhaí	2	An tSile (2)
Mangó	1	Meicsiceo (1)
Sú talún	3	An Spáinn (3)
Brocailí	1	An Iodáil
Cóilis	2	An Fhrainc (1), An Ríocht Aontaithe (1).
Piobar	1	An Iodáil (1)

Cúirséad	4	An Spáinn (3), An Iodáil (1)
Leitís	1	Éire (1).
Tráta	3	An Iodáil (3).
Práta	2	An Fhrainc (1), An Ghearmáin (1).
Cairéad	5	Éire (1), An Iodáil (3), An RA (1).
Soilire	3	An Spáinn(3).
Pluma	1	An Bheilg

Tábla 13.

Samplaí de tháirgí orgánacha ina raibh iarmhair lotnaidicídí					
Uimhir an tSampla	Tráchtearra	An Tír Tionscnaimh	Iarmhar a aimsíodh.	Leibhéal Iarmhair (mg/kg)	UI (mg/kg)
69245	Oráiste	An Afraic Theas	Captan	0.02	0.1
69655	Oráiste	Uragua	Malaitian	0.02	2.0
68824	Piorra	An Spáinn	Défheiniolaimín	0.26	10
68880	Sú talún	An Spáinn	Pirimicharb	0.03	No MRL
69340	Cíobhaí	An tSile	Deiltemeitrin	0.05	0.05
69146	Cairéad	An Iodáil	Clóropirifos	0.03	0.1
68687	Cúirséad	An Spáinn	Próiciamideon	0.04	1.0
69147	Brocailí	An Iodáil	Carbarail	0.04	1.0

F TÁIRGÍ PRÓISEÁILTE

In 2006, rinneadh anailís ar 92 shampla de thorthaí agus glasraí próiseáilte i leith an mhéid iarmhair lotnaidicídí a bhí ar fáil iontu [aibreoga stánaithe 2x, seadóga stánaithe 4x, mandairíní stánaithe 3x, piseanna stánaithe 11x, péitseoga stánaithe 6x, piorraí stánaithe 2x, anainn stánaithe 5x, plumaí stánaithe 1x , sútha craobh stánaithe 1x agus sútha talún stánaithe 1x], ar shúnna torthaí agus glasraí [sú úill x10, sú cuiríní dubha 3x, sú fraochán gorm1x, sú cairéad 2x, sú monóg 7x, sú fíonchaor 2x, sú seadóige 2x, sú oráiste 14x, sú anainn 4x, sú prúnaí 1x agus sú trátaí 3x] agus ar tháirgí gránaigh próiseáilte [calóga cruithneachta 2x, calóga eorna 1x, calóga coirce 2x, bran coirce 2x agus coirce ceann bioráin 1x].

Fuarthas amach go raibh leibhéil sho-bhraite lotnaidicídí i seacht sampla (7.6% de na samplaí) mar a leanas: sú oráiste (x1), sú úill (x2), piorraí stánaithe, monóga stánaithe, calóga coirce agus coirce ceann bioráin. Na lotnaidicídí a braitheadh, bhí siad údaraithe, i gcás inar bhain sin le hábhar, le haghaidh saothrú oráistí, úlla agus coirce. Bhí na hiarmhair ar leibhéil an-íseal agus níor sháraigh siad na Leibhéil UI a bunaíodh do na hamh-thráchtearraí as a dtáirgtear na táirgí próiseáilte sin.

Tá an ráta braite iarmhar sna táirgí próiseáilte a anailísíodh, ag 7.6%, cuid mhaith níos ísle ná an ráta a fhaightear sna hamh-thráchtearraí a fhreagraíonn dóibh agus deimhníonn sé na leibhéil ísle dá samhail den bhraith a léiríodh i dtuarascálacha 2004 agus 2005. Is é a léirítear leis na torthaí sin go bhféadfaidh nach ndéantar torthaí agus glasraí a úsáidtear le haghaidh próiseála a chóiriú le táirgí cosanta plandaí an oiread céanna agus a chóirítear na cinn sin a dhíoltar go díreach le custaiméirí, sin nó go leanann sé as próiseáil a dhéanamh ar thorthaí, glasraí agus gránaigh a fhástar ar mhodh traidisiúnta go laghdaítear an leibhéal iarmhar lotnaidicídí a bhíonn iontu. Is é is dóichí gur teaglaim de na tuiscintí sin atá i gceist sa mhéid-

gurb iondúil go ndéantar, i gcás torthaí/glasraí, sa chás go n-úsáidtear na torthaí agus na glasraí, iad a phróiseáil go sciobtha agus nach gá cóireálacha réamh/iar-fhómhair toisc nach bhfuil an oiread

sin tábhachta leis an dealramh atá ar na torthaí/na glasraí. Is iondúil go laghdaíonn sé sin an gá a bheadh le hiarmhair dhéanacha a chur ar na bairr sin agus ba chóir, dá bharr sin, go mbeadh iarmhair lotnaidicídí i bhfad níos ísle sa bharr a bhaintear san fhómhar. Ciallaíonn sé sin, faoi seach, gur lú an líon iarmhar lotnaidicídí a bheidh le fáil sa táirge próiseáilte deiridh.
- éascaíonn próiseáil torthaí, go háirithe, baint na n-iarmhar dromchla agus sin is cuid den chúis go mbíonn leibhéil ísle iarmhar le fáil sa táirge deiridh.
- féadann an próiseas próiseála na hiarmhair lotnaidicídí a bhíonn ann a bhriseadh síos agus cuidíonn sé sin le laghdú a dhéanamh ar an leibhéal iarmhar sa táirge deiridh.

Tá liosta na dtáirgí próiseáilte a anailísíodh in 2006 leagtha amach i dTábla 14 thíos agus tá liosta i dTábla 15 de na táirgí sin ina raibh iarmhair lotnaidicídí sho-bhraite.

Tábla 14

Samplaí de na táirgí próiseáilte a anailísíodh in 2006.	
An táirge a anailísíodh	An Líon samplaí a anailísíodh.
Sú anainn	4
Anainn stánaithe	5
Sú monóg	7
Monóga stánaithe	1
Sú cuiríní dubha	3
Sú fraochán gorm	1
Sú fionchaor	2
Sú seadóige	2
Seadóga stánaithe	4
Mandairíní stánaithe	3
Piorraí stánaithe	2
Aibreoga stánaithe	2
Péitseoga stánaithe	6
Plumaí stánaithe	1
Sútha talún stánaithe	1
Sútha craobh stánaithe	1
Sú oráiste	14
Sú cairéad	2
Sú trátaí	3
Sú úill	10
Piseanna stánaithe	11
Calóga eorna	1
Bran coirce	1
Calóga coirce	2
Coirce ceann bioráin	1
Calóga cruithneachta	2
Iomlán	92

Tábla 15.

Samplaí de na táirgí próiseáilte ina raibh iarmhair lotnaidicídí					
Uimhir an tSampla	Tráchtearra	An tír tionscnaimh	Iarmhar a braitheadh	Leibhéal iarmhair (mg/kg)	Leibhéal UI (mg/kg) don amh-thráchtearra
69610	Sú Oráiste	Ní fios	Iomasailil	0.02	5.0
68914	Sú úill	Ní fios	Cairbeandaisim	0.1	2
68992	Sú úill	Ní fios	Tiaibeindeasól	0.09	5
69611	Piorraí stánaithe	An Iodáil	Feineicseaimíd	0.03	0.05
68720	Monóga	SAM	Cipróidinil	0.02	Gan aon UI
69581	Calóga coirce	Éire	Clórprófam	0.2	Gan aon UI
69580	Coirce ceann bioráin	Éire	Clórprófam	0.09	Gan aon Ui

TÁTAIL

A RÉAMHRÁ

Agus an tionchar ar thomhaltóirí a bhainfeadh lena nochtadh d'iarmhair lotnaidicídí tríd an aiste bia á mheas, is ceart an éifeacht a bhainfeadh le nochtadh ainsealach agus le géarnochtadh araon a thabhairt san áireamh. D'fhonn an éifeacht a bhainfeadh le nochtadh ainsealach a mheas, ní mór leibhéal an nochta i rith an tsaoil ar fad agus an éifeacht is dócha a bheadh ag nochtadh den sórt sin ar an tsláinte a thabhairt san áireamh. Tá na teicnící is gá do mheasúnuithe den sórt sin forbartha go maith agus baineann breithniú leo ar na meánleibhéil nochta is dócha a bheadh ann i bhfianaise na hionghabhála laethúla inghlactha (ILI) atá leagtha síos do lotnaidicídí áirithe faoi seach. Tugtar san áireamh leis na luachanna ILI, ar tomhas iad ar an uasleibhéal ionghabhála i rith an tsaoil a meastar nach dtarlódh aon éifeacht díobhálach tocsaineolaíochta uaidh, fachtóir sábháilteachta d'fhonn cinntiú go mbíonn cosaint ann don aosach, don naíonán agus don leanbh agus don té a bhfuil a chuid córas faoi strus de bharr breoiteachta.

D'fhonn an éifeacht a bhainfeadh le géarnochtadh a mheas, ní mór na leibhéil nochta is airde (nochtadh den 97.5^{ú} peircintíl) ba dhócha in aon lá amháin agus an éifeacht a bheadh ag nochtadh den sórt sin ar an tsláinte a thabhairt faoi mheas. Níl na teicnící ba ghá do mheasúnuithe dá leithéid chomh forbartha céanna leo siúd a bhaineann le nochtadh ainsealach. I gcás tráchtearraí a bhfuil méid ag baint le gach aonad díobh (e.g. mealbhacáin) nó aonaidh leathmhóra (e.g. torthaí ciotrais agus torthaí póma), is gá athraitheachas na n-iarmhar in aonaid ar leith den tráchtearra a thabhairt san áireamh. Bíonn sin riachtanach mar gheall go bhféadfadh sampla, i.e. déanta suas as íosmhéid de 1Cg d'úllaí, a ndéanfaí anailís air a bheith ilchineálach agus go mbeadh formhór an iarmhair in aon úll amháin. Glactar leis gurb é sin an cás is measa a tharlódh. Cuirtear fachtóir athraitheachais "v" i bhfeidhm ar na huasteorannacha iarmhair a aimsítear i samplaí ilchodacha a ndéantar anailís orthu chun an cás is measa ar fad a bhféadfaí teacht trasna air a chur san áireamh[25]. Faoi láthair níl aon aontú idir an AE agus an CODEX Alíomantarius maidir leis na figiúirí athraitheachais atá le cur i bhfeidhm ó shocraigh CODEX sa bhliain 2006 gur 3x an figiúr athraitheachais ba cheart a chur in úsáid go hidirnáisiúnta agus ba é seasamh aontaithe an AE i rith na gcainteanna sin gur 5x an figiúr ba cheart a chur in úsáid. Agus éifeacht ghéarnochtadh á mheasúnú, ní mór an leibhéal nochta a thabhairt san áireamh i ndáil le luach na Géar-Dháileoige Tagartha (GDT) atá leagtha síos do lotnaidicídí éagsúla faoi seach. Tugtar san áireamh leis na luachanna GDT, ar tomhas iad ar an uasleibhéal ionghabhála i rith aon lá amháin a meastar nach dtarlódh aon éifeacht díobhálach tocsaineolaíochta uaidh, fachtóir sábháilteachta d'fhonn cinntiú go mbíonn cosaint ann don aosach, don naíonán agus don leanbh agus don té a bhfuil a chuid córas faoi strus de bharr breoiteachta. Go dtí seo, tá luachanna GDT leagtha síos do líon teoranta lotnaidicídí. Tá nósanna imeachta fós á dtabhairt chun cinn go háirithe ag Comhchruinniú an FAO/WHO maidir le hIarmhair Lotnaidicíde (JMPR) agus ag leibhéal an AE d'fhonn caoinleasaithe ar an modheolaíocht a bhíonn in úsáid chun GDTanna a leagan síos.

B GNÁTHCHLÁR MONATÓIREACHTA

Léirítear le scrúdú ar thorthaí na monatóireachta i rith na bliana 2006, ar bhain anailís ar 1328 gnáthshampla, 252 spriocshampla, 3 shampla reachtúil agus 3 shampla gearáin leis, go raibh iarmhar lotnaidicíde inchainníochta in 38% de na samplaí gnáth-tháirge a cuireadh faoi anailís go raibh iarhair ba shárú ar na UTIanna reachtúla (Tábla 16) in 2.5% de na gnáthshamplaí sin. Ba i samplaí torthaí agus glasraí a aimsíodh an chuid is mó d'iarmhair lotnaidicíde seachas i mbia de bhunadh ainmhithe agus i samplaí gránaigh, áit a raibh an ráta aimsithe i bhfad níos ísle. Leibhéil an-ísle d'iarmhair

lotnaidicíde den chuid is mó a aimsíodh sna tráchtearraí go léir a dearnadh anailís orthu. Aimsíodh 906 éigin lotnaidicíd ag leibhéal iarmhair sna samplaí torthaí agus glasraí a ndearnadh anailís orthu. Bhí 347 (38% de na hiarmhair a aimsíodh) de na lotnaidicídí sin ag dlús < 0.05mg/kg, bhí 141 (16%) san raon dlúis ≥0.05 go dtí < 0.1mg/kg, bhí 137 (15%) sa raon dlúis ≥0.1 to < 0.2 mg/kg, bhí 124 (14%) sa raon ≥0.2 go dtí < 0.5 mg/kg agus bhí 157 (17%) i láthair ag leibhéal dlúis > 0.5 mg/kg. Cuirtear an t-eolas sin i láthair i bhFigiúr 3 thuas (leathanach 7). Léiríonn iarmhair lotnaidicíde ag leibhéil chomh híseal sin ardleibhéal comhlíonta na dtáirgeoirí maidir leis na cleachtais talmhaíochta molta i leith táirgí cosanta planda a úsáid, agus léiríonn sé freisin leochaileacht na dteicnící anailíse reatha atá in úsáid a cheadaíonn d'aimsiú iarmhair lotnaidicíde ag leibhéil thar a bheith ísle.

Tábla a 16:- Gnáthshamplaí le hiarmhair lotnaidicíde ab airde ná na hUasteorainneacha Lotnaidicíde (UTI) in 2006

Tráchtearra	Uimhir an tSampla	An Tír Bhunaidh	Iarmhar a aimsíodh	Iarmhar (mg/kg)	UTI (mg/kg)
Ciobhaí	68697	An Iodáil	Meitíodaitión	0.04	0.02
Lichi	69239	An Téalainn	Clóirpirifós	0.1	0.05
Mango	68855	An Bhrasaíl	Asocsastróibin	0.1	0.05
Anann	68730	Guatamala	Tiaibeindeasól	0.54	0.05
Pomegranate	69419	An Spáinn	Clóirpirifós	0.07	0.05
			Ciaipeirmeitrin	0.15	0.05
Rambutan	68821	An Téalainn	Ciaipeirmeitrin	0.09	0.05
Fraochán gorm	68715	An tSile	Feanvailéaráit	0.2	0.02
Mandairín	68843	An Chipir	Tiaibeindeasól	6.1	5
Mandairín	69415	Peiriú	Próicímeadón	0.03	0.02
Mandairín	69574	Peiriú	Próicímeadón	0.07	0.02
Oráiste	68657	An Éigipt	Ipróidé-ón	0.03	0.02
Oráiste	69305	An Spáinn	Tiaibeindeasól	6.9	5
Satsúma	69124	Peiriú	Próicímeadón	0.09	0.02
Cúirséad	68640	An Spáinn	Tiaibeindeasól	0.06	0.05
Leitís	68760	Éire	Demeton-s-me sulphone	0.16	0.05
Leitís	68792	Éire	Asocsastróibin	3.72	3.0
Leitís	69364	Éire	Óimeatóáit	0.49	0.5
			Démheitiáit	3.86	0.5
			Ciaipeirmeitrin	2.36	2.0
Leitís	69443	Éire	Próipisimíd	1.67	1.0
Spionáiste	69280	Éire	Cairbeandaisim	0.25	0.1
Úll	68973	An tSile	Déchófal	0.16	0.02
Cairéad	69434	Éire	Clóirfeinveanfos	0.51	0.5
Meacan Bán	68669	Éire	Lionúrón	0.21	0.2
Soilire	68967	An Spáinn	Próicímeadón	0.03	0.02
Péitseog	68971	Iosrael	Óimeatóáit	0.04	0.02
			Démheitiáit	0.02	0.02
Péitseog	69157	An Spáinn	Tiaibeindeasól	0.06	0.05
Pluma	68976	An tSile	Tiaibeindeasól	0.09	0.05

Léiríonn measúnú ar an ngaol idir ADInna agus an leibhéal iarmhair a fhaightear i ngnáthshamplaí, a sháraíonn TIUanna seanbhunaithe (Tábla 17), an baol do thomhaltóirí Éireannacha, idir dhaoine fásta agus leanaí, mar thoradh ar iarmhair den sórt sin a thógáil i mbia. Tagann na figiúirí ionghabhála aiste bia a úsáidtear do thráchtearraí aonair ó shuirbhé an Irish University National Alliance (IUNA) 1996-1998 ar an aiste bia do dhaoine fásta na hÉireann agus ó shuirbhé an IUNA "National Childrens Food Survey 2005" maidir le leanaí na hÉireann. Cuireadh measúnuithe ar ionghabháil aiste bia do leanaí na hÉireann san áireamh ó mhí Lúnasa 2006. Rinneadh an measúnú ar ionghabháil aiste bia do lotnaidicídí a bheadh tocsaineach go hainsealach agus meánsonraí ídithe á n-úsáid agus tríd an ionghabháil a chur i gcomparáid leis an ADI. Rinneadh an measúnú ar ionghabháil maidir leis na lotnaidicídí a bheadh tocsaineach go géar agus ionghabháil an 97.5ú peircintíle á úsáid agus tríd an ionghabháil a chur i gcomparáid leis an ARfD. Trí fhigiúirí ionghabhála den sórt sin a úsáid, tá na

figiúirí ionghabhála go léir is dócha a n-eascróidh, seachas iad sin a bheadh foircneach, curtha san áireamh agus meastóireacht á déanamh ar thionchar na n-iarmhar sin ar an aiste bia do thomhaltóirí na hÉireann.

I gcás tomhaltóirí nochtaithe d'iarmhair lotnaidicídí a bheadh tocsaineach go géar ní bheadh a sláinte i mbaol ach amháin dá sáródh a n-ionghabháil bia an ADI gach lá ar feadh tréimhse ama fada. Mar sin féin, de bharr go dtarlaíonn mí-úsáid agus go leantar ag aimsiú leibhéil iarmhar os cionn an TIU, is léir gur gá go leanfar leis na cláir monatóireachta agus imscrúdaithe maidir le sárú, agus go neartófar iad. Éilíonn RTIB ar úsáideoirí táirgí cosanta plandaí Dea-Chleachtas Talmhaíochta a chomhlíonadh agus iad á n-úsáid, lena chinntiú nach mbeidh leibhéil iarmhair lotnaidicídí doghlactha i dtáirgí bia.

Rinneadh cigireacht oifigiúil i gcás gach duine den 7 saothróir as Éireann a raibh táirgí sa mhargadh acu a sháraigh an TIU, le súil agus an fáth leis an sárú TIU a aimsiú. Tugadh rabhadh do na saothróirí sin go mbeadh siad faoi réir sampláil saindírithe i 2007.

Sa chás go raibh iarmhar a sháraigh TIU i dtáirge, cuireadh an sárú TIU in iúl do na húdaráis sa tír bhunaidh agus don allmhaireoir in Éirinn. Cuireadh in iúl dóibh freisin, sa chás go bhfaighfí an tráchtearra céanna ón bhfoinse céanna le díol in Éirinn go ndéanfaí anailís faoi leith air agus go mbeadh sé faoi réir gnímh reachtúil dá mbeadh gá leis.

Léiríonn meastóireacht ar na sonraí monatóireachta go bhfuil torthaí iarmhair a fuarthas i 2006 inchomparáide i gcónaí leis na sonraí a fuarthas i mblianta roimhe sin. Tháinig laghdú ar an líon samplaí torthaí agus glasraí nach raibh aon iarmhair lotnaidicíde inbhraite iontu ó 56% i 2003 go dtí 48% i 2004 agus laghdaigh sin arís go dtí 43% i 2005. Tháinig ardú ar an gcéatadán de na samplaí torthaí agus glasraí nach raibh iarmhair inbhraite iontu go dtí 48.2% arís i 2006. Ina theannta sin, má chuirtear an líon níos mó d'iarmhair lotnaidicídí a fuarthas i samplaí, 153 i 2006, 148 i 2005, 118 i 2004 agus 89 don chuid is mó de 2003 san áireamh, bheifeá ag súil go n-ardódh an mhinicíocht braite iarmhair ar aon dul leis an acmhainneacht anailíse mhéadaithe. D'fhéadfadh sé go léiríonn an cúlú sa treocht sin a tharla i 2006 go bhfuil níos lú lotnaidicídí á gcur ar bharraí bia saothraithe ach beidh sonraí ó na blianta amach romhainn ag teastáil lena chinneadh cibé an treocht é sin i ndáiríre nó an gnáth-athrú é ar na patrúin iarmhair a fhaightear.

Ba é an líon gnáthshamplaí de bhia de bhunadh ainmhí a ndearnadh anailís orthu i 2003, 2004, 2005 agus 2006 ná 371, 372, 376 agus 367 faoi seach. I gcás bia de bhunadh ainmhí, tá an líon agus an raon lotnaidicídí a fuarthas i 2006 ag teacht leo sin a fuarthas i mblianta roimhe sin. Braitheadh dhá shárú TIU i gcaora amháin agus ceann amháin i muiceoil. Bhain an sárú TIU i gcaoraigh leis an eictea-pharaisíticíd dé-aisionón a bheith i láthair agus léirigh sé úsáid mícheart dip chaorach ceadaithe.

Sáraíodh an TIU do liondán maidir le saill muiceola. Níl liondán ceadaithe le húsáid in Éirinn agus mar sin rinneadh imscrúdú ar an tarlú. Rinneadh anailís ar bhia muc agus ar chomhábhair bhia muc, a soláthraíodh don aonad táirgthe, agus fuarthas nach raibh iarmhair liondáin iontu agus mar sin measadh nárbh iad foinse an iarmhair sin. Maraíodh dhá mhuc eile ón aonad táirgthe agus rinneadh anailís ar shamplaí lena chinneadh an raibh iarmhair fágtha iontu ag luachanna níos airde ná an TIU. Bhí rianleibhéil liondáin a bhí níos ísle ná an TIU sna samplaí sin. Thángthas ar an tátal go raibh leibhéal íseal d'éilliú liondáin fós san aonad táirgthe muc ach de bharr gur thit na hiarmhair go dtí leibhéal níos ísle ná an TIU níor theastaigh aon ghníomh breise chun déileáil leis an gceist.

Thug measúnú ar ionghabháil liondáin san aiste bia ón bhfoinse sin le fios nár chruthaigh sé aon ábhar imní ó thaobh ionghabhála do thomhaltóirí na hÉireann.

Maidir leis na samplaí gránaigh a ndearnadh anailís orthu taifeadadh ardú ar an líon samplaí a raibh iarmhair lotnaidicídí iontu i 2006 i gcomparáid le 2005 agus le blianta roimhe sin. Bhí iarmhair lotnaidicíde i 17% de shamplaí in 2005, agus in 2006 tá méadú suntasach de 38% tagtha ar an minicíocht bhraite iarmhair i gcomparáid le blianta roimhe sin. I gcodarsnacht le blianta roimhe sin, fuarthas iarmhair dé-aisionóin a sháraigh an TIU i gcúig sampla coirce a úsáideadh chun cáilíocht an ghránaigh a sheiceáil. Thug imscrúdú ar fhoinse na n-iarmhar dé-aisionóin sin le fios gur dócha gur éillíodh na samplaí cáilíochta gránaigh sin ag point éigin laistigh den stóras. Thug samplaí breise coirce a tugadh ó stóir agus ó stórais ghránaigh faoi leith laistigh den cheannáras céanna easpa iarmhar dé-aisionóin le fios. Bhí samplaí den táirge próiseáilte ón áitreabh sin saor ó iarmhar dé-aisionóin chomh maith. Thug measúnú ar thionchar na n-iarmhar sin ar an aiste bia le fios nár chuir siad bagairt nach féidir glacadh leis do shábháilteacht thomhaltóirí na hÉireann.

Tháinig saincheist eile chun cinn in 2006 nuair a braitheadh iarmhair chlórprófaim i ngránach coirce. Níl clórprófam údaraithe in Éirinn le húsáid ar choirce ná ar aon bharr gránaigh eile. Tugadh le fios le teacht ar iarmhair den sórt sin go raibh úsáid mhídhleathach clórprófaim nó droch-chleachtas talmhaíochta ann agus gur éillíodh na coirce le hiarmhair clórprófaim dá bharr. Léirigh imscrúduithe nasc idir na coircí agus áit táirgthe faoi leith agus tuairiscíodh na torthaí chuig na Rannáin RTIB iomchuí.

Measadh gur rud neamhghnách é gur braitheadh iarmhair dé-aisionóin agus clórprófaim i gcoircí agus nár dócha go dtarlódh sé arís. Dá mbainfí an líon samplaí gránaigh a raibh na hiarmhair sin iontu ó fhigiúirí iomlána 2006 bheadh an % samplaí gránaigh a raibh iarmhair lotnaidicídí iontu, ag 17.3%, ag teacht leis na leibhéil a fuarthas in 2005.

Seachas iarmhair dé-aisionóin agus clórprófaim a bheith i láthair i ngránaigh tá an chuid eile de na hiarmhair lotnaidicíde a braitheadh ag teacht leis na cinn a fuarthas i mblianta roimhe seo. Tugann meastóireacht ar thionchar na n-iarmhar a fuarthas ar an aiste bia le fios nach raibh baol nach féidir glacadh leis ann do thomhaltóirí na hÉireann ó na hairmahir a fuarthas.

Tá an pátrún iarmhair lotnaidicíde i dtorthaí agus i nglasraí ó 2006 cosúil go maith lena bhfuarthas in 2005 agus i mblianta roimhe sin. Léiríonn anailís ar na torthaí

- Go ndearnadh anailís ar 76 cineál torthaí agus glasraí in 2006 i gcomparáid le 71 in 2005, 77 in 2004 agus 76 in 2003;
- Gur braitheadh líon beagánín níos ísle comhdhúile lotnaidicíde; 73 in 2006 i gcomparáid le 75 in 2005. Tá sin ag teacht leis na samplaí anailíse saotharlanna do líon comhchosúil iarmhar lotnaidicíde in 2006 agus in 2005;
- Go raibh an céatadán de na táirgí a ndearnadh sampláil agus anailís orthu sa chlár monatóireachta 2006 (81.5%) beagáinín níos airde ná na huimhreacha a ndearnadh anailís orthu sna trí bliana roimhe sin [77% in 2005, 72% in 2004 agus 76% in 2003];
- Go bhfuil an céatadán de thorthaí agus glasraí amha a raibh iarmhair lotnaidicíde iontu sa ghnáthchlár monatóireachta 2006, ag 48%, níos ísle ná in 2005 (56%) agus in 2004 (52%) ach níos airde ná in 2003 (44%). go bhféadfadh sé go dtugann sin le fios go bhfuil laghdú tagtha ar úsáid táirgí cosanta plandaí ach beidh sonraí ó na blianta amach romhainn ag teastáil lena chinneadh cibé an treocht é sin i ndáiríre nó an gnáth-athrú é a tharlaíonn idir blianta.

- Gur fiú a thabhairt ar aird go bhfuil an céatadán samplaí torthaí agus glasraí a raibh iarmhair lotnaidicíde níos airde ná an TIU iontu do 2006 (2.9%), níos ísle ná luach 2005 de 5.1% agus tagann sé níos mó leis na huimhreacha a fuarthas in 2004 agus 2003, inar taifeadadh luachanna de 3.5% agus 3.6% faoi seach. Is fiú a thabhairt ar aird gur 5% an céatadán samplaí de tháirgí úra a sháraigh TIU lotnaidicíde, mar a tuairiscíodh sa tuarascáil AE do 2004, rud a sháraíonn na luachanna thuasluaite. Gur eascair roinnt sáruithe TIU as úsáid mhídhleathach táirgí cosanta plandaí ar tháirgí arna bhfás san AE agus i gcás táirgí ón tríú tír go mb'fhéidir go léiríonn sé easpa armónaithe sa reachtaíocht TIU, aineolas ar chaighdeáin an AE sna tríú tíortha iomchuí nó díreach mí-úsáid na táirge cosanta plandaí a úsáidtear. Baineann 15% de na sáruithe TIU le táirgí na Spáinne, figiúir atá cosúil leis an

  18% a bhí ann do 2005. Ní thugann sin le fios go bhfuil fadhb faoi leith ann le táirgí na Spáinne ach léiríonn sé an méid ard torthaí agus glasraí a iompraítear ón Spáinn go dtí Éire. As an 178 sampla éagsúil ón Spáinn a ndearnadh anailís orthu in 2006, bhí iarmhair lotnaidicíde a sháraigh an TIU i 2.2% díobh. Tá sin níos lú ná luach iomlán na sáruithe TIU do 2006.

- Go dtagann an mhinicíocht ar braitheadh lotnaidicídí faoi leith i dtorthaí agus i nglasraí i rith 2006 leis an bpátrún a braitheadh in 2005, 2004, 2003 agus 2002 sa chaoi is gurb iad tiaibeindeasól, ipróidé-ón, clóraipireafos agus captan na lotnaidicídí is coitianta a bhraitear i gcónaí. Tugadh Défheiniolaimín isteach sa chlár anailíseach in 2005 agus tá an mhinicíocht braite in 2006 de 5.5% de samplaí (torthaí póma go príomha) inchomparáide le figiúr 2005 de 7.1%. I gcás cairbeandaisim is díol suntais é gur tháinig laghdú ar an minicíocht bhraite iarmhair ó 10.4% de shamplaí in 2005 go dtí 3.9% de shamplaí in 2006 agus caithfear sin a lua le laghdú san úsáid beinimile agus cairbeandaisime i dtáirgí cosanta plandaí.

- Gur áiríodh daichead a naoi sampla de thorthaí agus de ghlasraí orgánacha i gclár monatóireachta 2006. Bhí iarmhair lotnaidicíde inbhraite in ocht gcinn de na samplaí sin. Is ionann an mhinicíocht bhraite iarmhair lotnaidicíde sin, de 16%, agus ardú ar na luachanna comhfhreagracha a fuarthas in 2005 agus in 2004 nuair ab ionann an ráta braite agus 7.5% agus 9% faoi seach. Scaipeadh na torthaí dearfacha ar an rannóg iomchuí in RTIB le freagracht as táirgí orgánacha a rialú le súil go rachfadh siad i mbun an ghnímh chuí. Ní raibh saincheist sábháilteachta do thomhaltóirí ar bith ag baint leis na hiarmhair sin mar nach raibh ann ach leibhéil an-ísle.

- Go ndearnadh anailís d'iarmhar lotnaidicíde ar nócha dó sampla de bhia próiseáilte in 2006, ar thorthaí agus glasraí próiseáilte ochtó cúig díobh sin agus ar ghránaigh phróiseáilte seacht gcinn díobh. Tá sin i gcomparáid leis an gcaoga sampla de bhia próiseáilte [daichead a ceathair torthaí próiseáilte agus súnna glasraí agus sé chinn de ghránaigh phróiseáilte] a ndearnadh anailís orthu in 2005 agus leis an seasca dó sampla a ndearnadh anailís orthu in 2004. Tá torthaí 2006 cosúil le torthaí 2005 agus 2004 sa chaoi is go leanann siad le minicíocht níos ísle de bhrath iarmhair lotnaidicíde i dtáirgí próiseáilte seachas i dtráchtearraí ama a léiriú. Bhí iarmhair lotnaidicíde inbhraite i gcúig shampla de thorthaí/glasraí próiseáilte agus i sampla amháin de chalóga coirce agus de mhin choirce. Bhí leibhéil iarmhair lotnaidicíde ísle idir 0.02 go dtí 0.2mg/kg i ngach ceann de na samplaí. Bhí iarmhair lotnaidicíde inbhraite i 7.6% de na samplaí próiseáilte; minicíocht níos ísle ná an 14% a fuarthas a raibh iarmhair inbhraite iontu in 2005.

Cuireadh beagán le scóip an chláir mhonatóireachta lotnaidicíde in 2006, i gcomparáid le 2005, nuair a rinneadh anailís ar 153 lotnaidicíd éagsúil agus a meitibilítí.

Maidir leis an neastodhchaí, díreoidh an SRL ar cur níos mó le hacmhainneacht na saotharlainne an líon iarmhair lotnaidicíde i samplaí bia, a bhíonn ag méadú i gcónaí, a chinneadh. De bharr an aistriú saotharlainne ó Bhaile an Aba go dtí Bacastún in 2005 cuireadh cosc ar aon fhorbairt modha in 2005 agus mar sin bhí an acmhainneacht anailíse in 2006 cosúil le leibhéil 2005. Thosaigh obair bailíochtaithe bhreise an athuair in 2006 agus beidh mar thoradh uirthi méadú suntasach ar acmhainneacht anailíse na saotharlainne do 2007 agus do chláir mhonatóireachta amach anseo.

Is iad na pleananna reatha don Saotharlann Rialaithe Lotnaidicíde

i an líon samplaí atá ar an sceideal le hanailís a dhéanamh orthu in 2007 a choimeád ag thart ar 1300;

ii cur leis an líon lotnaidicídí sa chlár monatóireachta do 2007 agus ina dhiaidh sin;

iii leanúint ar aghaidh ag obair ag leibhéal AE chun cur leis an raon lotnaidicídí a bhfuil TIUanna bunaithe ina leith agus a chinntiú go n-achtófar Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 chomh luath agus is féidir.

Leanfaidh an SRL den RTIB agus den USBÉ le cainteanna leanúnacha, mar chuid den chonradh seirbhíse idir an dá eagraíocht, le súil agus an clár monatóireachta bliantúil maidir le hiarmhair lotnaidicíde i mbia a optamú agus an baol do thomhaltóirí a d'fhéadfadh a bheith ag na hiarmhair sin a mheas. Leanfaidh an clár seo ar aghaidh le moltaí ón gCoimisiún Eorpach a chur san áireamh maidir leis an raon barr agus lotnaidicídí atá i gceist.

C AN CLÁR UM IMSCRÚDÚ SÁRAITHE

Is í sampláil saindírithe ar tháirgí a fhaightear a bheith ag sárú TIUanna seanbhunaithe an príomhbhealach lena chinneadh cibé an eascraíonn sáruithe as mí-úsáid córasach lotnaidicídí nó an imeachtaí faoi leith iad. Is léir nach féidir glacadh leis an tarlú leantach de leibhéil iarmhair ró-ard a bheith i dtráchtearraí bia faoi leith, rud a chuirfeadh isteach ar shábháilteacht tomhaltóirí. Tá an clár um imscrúdú sáraithe dírithe ar dheireadh a chur le mí-úsáid den sórt sin. Tá an clár leagtha amach lena chinntiú, i gcás tarluithe ina sáraítear TIUanna, nach dtarlóidh sé arís.

Sa bhliain 2006, tógadh 13 sampla de thorthaí agus glasraí, 27 sampla de bhia ainmhithe/muiceoil, 211 sampla d'arbhar gránaigh agus 4 sampla de tháirgí gránaigh mar chuid de chláir imscrúdaithe saindírithe a rinne an tSaotharlann Rialú Lotnaidicídí.

Sa chás go bhfaightear iarmhair lotnaidicíde a sháraíonn TIU an AE i dtáirgí, bíonn sé mídhleathach táirgí den sórt sin a chur ar an margadh agus beidh táirgí den sórt sin, má aimsítear iad, faoi réir pionóis faoin reachtaíocht iarmhair lotnaidicíde reatha.

- Bhí iarmhair lotnaidicíde a sháraigh TIUanna reachtúla i sampla de leitís ó Éirinn a tógadh mar chuid den imscrúdú saindírithe agus baineadh ón margadh agus scriosadh í.
- Fuarthas iarmhair cairbeandaisime nach bhfuil údaraithe le húsáid ar shú talún in Éirinn i sampla sú talún saindírithe. Cuireadh an táirgeoir faoi réir cigireachta agus tugadh rabhadh dó maidir le táirgí cosanta plandaí mídhleathacha a úsáid. Díreofar ar tháirgí ón táirgeoir sin i gclár 2007 lena chinntiú go mbeidh an reachtaíocht á comhlíonadh aige.
- Thug an anailís saindírithe ar bhia muc agus ar chomhábhair bhia muc le fios nach foinse iad de na leibhéil ísle éillithe liondáin a bhí i láthair i muca a tháinig ó aonad táirgthe muc. Thug an anailís ar shamplaí breise de mhuca ón aonad sin le fios gur tháinig díghrádú go dtí leibhéal cúlra ar an leibhéal éillithe agus mar sin nárbh fhéidir aon ghníomh eile a dhéanamh.
- Ní rabhthas ag súil leis an aimsiú iarmhar clórprófaim i gcoircí i rith 2006 de bharr nach bhfuil an ceimiceán sin ceadaithe le húsáid ar aon bharr gránaigh agus léirigh sé gur tharla úsáid mí-dhleathach nó gur éillíodh na coircí ag pointe éigin i rith an timthrialla táirgeachta nó sábhála. Luaigh dian-imscrúdú coircí éillithe le saothróir amháin ach níorbh fhéidir a chinneadh cibé ar éilliú de thimpiste nó d'aonghnó a bhí ann. Déanfar monatóireacht arís in 2007 lena sheiceáil nach dtarlóidh sé sin arís.
- Fuarthas iarmhair dé-aisionóin i roinnt samplaí coirce a ndearnadh anailís orthu i rith 2006 chomh maith. Léirigh imscrúdú saincheist logánta laistigh den stóras ina raibh iarmhair dé-aisionóin i méideanna fíor-bheaga coirce. Dhearbhaigh sampláil agus anailís bhreise nach raibh dé-aisionón i láthair i gceachtar de na táirgí nó in aon ghránach eile a bhí stóráilte sa láithreán sin.

Déantar measúnú ar ionghabháil aiste bia tomhaltóirí i ngach cás ina sháraítear TIU. Go dtí seo ní dhearnadh an ríomhadh seo ach amháin do dhaoine fásta na hÉireann ach ó tá eolas suirbhé ar aiste bia leanaí na hÉireann ar fáil tá an baol do leanaí na hÉireann san áireamh i ngach measúnú ar riosca ó mhí Lúnasa 2006. I gcás sampla amháin a ndearnadh ar chairéid ina raibh iarmhair clóirfeinveanfois, thug an ionghabháil aiste bia ríofa le fios go raibh sárú an ADI agus an ArfD i gceist do leanaí na hÉireann. Nuair a chuimhnítear go laghdaítear an nochtadh faoi suas le 90% tríd an gcraiceann agus an barr a bhaint ó chairéid, áfach, measadh nach raibh ach baol fíor-bheag ann do leanaí. Tugtar na measúnuithe ionghabhála aiste bia do gach sárú TIU a fuarthas i dTábla 17 thíos.

Tábla 17 :-An coibhneas idir leibhéil iomarcacha iarmhair agus na leibhéil ILI agus ArfD do Dhaoine Fásta na hÉireann.

Uimhir an tSampla	Grúpa tomhaltóirí	Tráchtearra	Tír Bhunaidh	Lotnaidicíd	UTI (mg/kg)	Iarmhar (mg/kg)	Meán-Ionghabháil tráchtearra. (kg/day)	ILI(mg/kg bw/lae)	Ionghábháil mar % an ILI	97.5 % ile aiste bia tráchearra (kg/lae)	ARfD (mg/kg bw/lae) [NR = níl riachtanach]	Ionghábháil mar % den ARfD
		Saill Dúáin										1.1
67712	daoine fásta	Caorach	Éire	Dé-aisionón	0.7	2.03	0.003	0.0002	45	0.0001	0.025	
67766	daoine fásta	Saill Muice	Éire	Liondán	0.02	0.04	0.003	0.005	0.04	0.009	0.06	0
68640	daoine fásta	Cúirséad	An Spáinn	Tiaibeindeasól	0.05*	0.06	0.01	0.1	0.01	0.38	NR	
68669	daoine fásta	Meacan bán	Éire	Lionúrón	0.2	0.21	0.013	0.003	1.5	0.05	NR	
68697	daoine fásta	Ciobhaí	An Iodáil	Meitideaitión	0.02*	0.04	0.02	0.001	1.3	0.1	0.01	3.2
68715	daoine fásta	Fraochán gorm	An tSile	Feanvailéaráit	0.02*	0.2	0.003	0.02	0.05	0.01	NR	
68730	daoine fásta	Anann	Guatamala	Tiaibeindeasól	0.05	0.54	0.021	0.1	0.2	0.09	NR	
68760	daoine fásta	Leitís	Éire	Oxy-dem-S-me	0.02*	0.16	0.006	0.0003	5	0.03	0.005	6.9
68792	daoine fásta	Leitís	Éire	Asocsastróibin	3	3.72	0.006	0.1	0.4	0.03	NR	
68821	daoine fásta	Rambutan	An Téalainn	Ciaipeirmeitrin	0.05	0.09	0.003	0.05	0.01		NR	
68843	daoine fásta	Mandairín	An Chipir	Tiaibeindeasól	5	6.13	0.039	0.1	4	0.1	NR	
68855	daoine fásta	Mango	An Bhrasaíl	Asocsastróibin	0.05	0.1	0.003	0.1	0.01	0.01	NR	
68967	daoine fásta	Soilire	An Spáinn	Próicímeadón	0.02	0.03	0.01	0.025	0.02	0.06	0.035	0.3
68971	daoine fásta	Péitseog	Iosrael	Démheitiáit	0.02*	0.02	0.043	0.002	0.7	0.2	0.03	1
68971	daoine fásta	Péitseog	Iosrael	Óimeatóáit	0.02*	0.04	0.043	0.0003	9.6	0.2	0.004	14.4
68973	daoine fásta	Úll	An tSile	Déchófal	0.02*	0.16	0.054	0.002	7.2	0.191	0.1	2.1
68976	daoine fásta	Pluma	An tSile	Tiaibeindeasól	0.05*	0.09	0.01	0.1	0.02	0.187	NR	
69124	daoine fásta	Satsúma	Peiriú	Próicímeadón	0.02	0.09	0.043	0.025	0.3	0.1	0.035	3.2
69157	daoine fásta	Péitseog	An Spáinn	Tiaibeindeasól	0.05	0.06	0.043	0.1	0.04	0.2	NR	
69239	daoine fásta	Litchi	An Téalainn	Clóraipireafos	0.05*	0.1	0.004	0.01	0.07	0.006	0.1	0.1
69280	daoine fásta	Spionáiste	Éire	Cairbeandaisim	0.1*	0.25	0.009	0.02	0.2	0.04	0.02	5.7
69305	daoine fásta	Oráiste	An Spáinn	Tiaibeindeasól	5	6.92	0.078	0.1	9.	0.3	NR	
69364	daoine fásta	Leitís	Éire	Démheitiáit	0.5	3.86	0.0016	0.002	5	0.002	0.03	1.3
	daoine fásta	Leitís	Éire	Óimeatóáit	0.5	0.14	0.0016	0.0003	1	0.002	0.004	28.2
	leanaí	Leitís	Éire	Démheitiáit	0.5	3.86	0.0016	0.002	5	0.002	0.03	1.3
	leanaí	Leitís	Éire	Óimeatóáit	0.5	0.49	0.0016	0.0003	4	0.002	0.004	98
	duine fásta	Leitís	Éire	Ciaipeirmeitrin	2	2.36	0.006	0.03	0.8	0.03	NR	
69403	daoine fásta	Leitís	Éire	Démheitiáit	0.5	0.86	0.006	0.002	4	0.03	0.03	6.3
	daoine fásta	Leitís	Éire	Óimeatóáit	0.5	0.14	0.006	0.0003	5	0.03	0.004	7.6
	leanaí	Leitís	Éire	Démheitiáit	0.5	0.86	0.0005	0.002	22	0.002	0.03	22.9
	leanaí	Leitís	Éire	Óimeatóáit	0.5	0.14	0.0005	0.0003	23	0.002	0.004	28
69415	daoine fásta	Mandairín	Peiriú	Próicímeadón	0.02*	0.03	0.0007	0.025	0.09	0.003	0.035	0.8
	leanaí	Mandairín	Peiriú	Próicímeadón	0.02*	0.03	0.0034	0.025	0.41	0.01	0.035	2.9
69419	daoine fásta	Pomegranate	An Spáinn	Clóraipireafos	0.05*	0.07	0.003	0.01	0.04	0.0002	0.1	0.1
	daoine fásta	Pomegranate	An Spáinn	Ciaipeirmeitrin	0.05*	0.15	0.003	0.05	0.02	0.0002	0.2	0.1
	leanaí	Pomegranate	An Spáinn	Clóraipireafos	0.05*	0.07	0.0002	0.01	0.14	0.0007	0.1	0.2
	leanaí	Pomegranate	An Spáinn	Ciaipeirmeitrin	0.05*	0.15	0.0002	0.05	0.06	0.0007	0.2	0.3
69434	daoine fásta	Cairéad	Éire	Clórfeinvinfos	0.5	0.51	0.0004	0.0005	41	0.001	0.01	31
	leanaí	Cairéad	Éire	Clórfeinvinfos	0.5	0.51	0.0018	0.0005	184**	0.005	0.01	125**
69443	daoine fásta	Leitís	Éire	Próipisimíd	1	1.67	0.0001	0.02	0.92	0.002	NR	
	leanaí	Leitís	Éire	Próipisimíd	1	1.67	0.0005	0.02	4.18	0.002	NR	

Uimhir an tSampla	Grúpa tomhaltóirí	Tráchtearra	Tír Bhunaidh	Lotnaidicíd	UTI (mg/kg)	Iarmhar (mg/kg)	Meán-Ionghabháil tráchtearra. (kg/day)	ILI(mg/kg bw/lae)	Ionghábháil mar % an ILI	97.5 % ile aiste bia tráchearra (kg/lae)	ARfD (mg/kg bw/lae) [NR = níl riachtanach]	Ionghábháil mar % den ARfD
69574	daoine fásta	Mandairín	Peiriú	Próicímeadón	0.02	0.07	0.043	0.025	0.20	0.1	0.035	1.8
	leanaí	Mandairín	Peiriú	Próicímeadón	0.02	0.07	0.0034	0.025	0.95	0.01	0.035	1.4
69866	daoine fásta	Coirce	Éire	Dé-aisionón	0.02*	0.44	0.0003	0.0002	59	0.001	0.025	1.6
	leanaí	Coirce	Éire	Dé-aisionón	0.02*	0.44	0.0007	0.0002	55	0.002	0.025	4
69876	duine fásta	Coirce	Éire	Dé-aisionón	0.02*	1.22	0.0003	0.0002	165	0.001	0.025	4.5
	leanaí	Coirce	Éire	Dé-aisionón	0.02*	1.22	0.0003	0.0002	153	0.001	0.025	5.7
69877	duine fásta	Coirce	Éire	Dé-aisionón	0.02*	0.51	0.0003	0.0002	69	0.001	0.025	1.9
	leanaí	Coirce	Éire	Dé-aisionón	0.02*	0.51	0.0003	0.0002	64	0.001	0.025	2.4
69878	duine fásta	Coirce	Éire	Dé-aisionón	0.02*	0.04	0.0003	0.0002	5	0.001	0.025	0.1
	leanaí	Coirce	Éire	Dé-aisionón	0.02*	0.04	0.0003	0.0002	5	0.001	0.025	0.2
69879	duine fásta	Coirce	Éire	Dé-aisionón	0.02*	0.49	0.0003	0.0002	66	0.001	0.025	1.8
	leanaí	Coirce	Éire	Dé-aisionón	0.02*	0.49	0.0003	0.0002	61	0.001	0.025	2.3

* = léiríonn an teorainn chinntiúcháin.

** = Níl ARfD comhaontaithe idirnáisiúnta ar bith ann do chlóirfeinveanfos. Athbhreithníodh an luach léirithe a úsáidtear in Éirinn go dtí 0.01 mg/kg bw/lá; luach atá ag teacht leis an Ríocht Aontaithe agus leath an luacha a úsáidtear san Astráil. Athbhunaíodh an MRL AE do chlóirfeinveanfos i gcairéid in 2006 ag 0.5 mg/kg. Tiocfaidh deireadh leis an úsáid údaraithe de tháirgí ina bhfuil clóirfeinveanfos maidir le cairéid in Éirinn ag deireadh 2007.

D FOCAL SCOIR

Tá an Roinn Talamhaíochta Iascaigh agus Bia agus Údarás Sábháilteacht Bia na hÉireann tiomanta do threisiú ar na cláir mhonatóireachta maidir le hiarmhar lotnaidicíde i mbia agus, dá réir sin, chomh fada agus a bhaineann le hiarmhar lotnaidicíde, do chinntiú shábháilteacht an bhia don tomhaltóir agus do chinntiú chaighdeán an bhia a chuirtear ar díol.

Aithreantais:

Ba le díogras J. Acton, J. Garvey, F. O'Reagan, M. Lynch agus D. O'Sullivan a tiomsaíodh an tuarascáil seo. P. Carey, P. Killarney, M. B. Dolan, K. Armstrong, J. Conway agus baill de chuid na gCigirí Eolaíochta Déiríochta agus Tréidliachta a thug na cláir samplála agus imscrúdaithe i gcrích. J. Acton, J. Garvey, F. O'Regan, J. McGannon, D. Carr, F. Morrin, M. Kelly, T. Walsh, D. Smyth, E. Connolly, J. Coloe, W. Cummins, A. Kennedy, M. Graham, A. Ryan agus D. Harris a chuir na torthaí anailíse ar fáil.

AGUISÍN I RIALACHÁIN LENA SOCRAÍTEAR UASLEIBHÉIL IARMHAIR LOTNAIDICÍDÍ I dTÁIRGÍ TALMHAÍOCHTA

1 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Torthaí agus Glasraí), 1989, IR Uimh. 105 de 1989

2 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Torthaí agus Glasraí) (Leasú), 1997, IR Uimh. 218 de 1997

3 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Torthaí agus Glasraí) (Leasú), 1998, IR Uimh. 563 de 1998

4 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Torthaí agus Glasraí) (Leasú), 2002, IR Uimh. 526 de 2002

5 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Torthaí agus Glasraí) (Leasú), 2003, IR Uimh. 356 de 2003

6 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Torthaí agus Glasraí) (Leasú), 2004, IR Uimh. 120 de 2004

7 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Ábhair Bheatha), 1992, IR Uimh. 40 de 1992

8 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Táirgí de Bhunadh Plandaí, lena n-áirítear Torthaí agus Glasraí), 1999, IR Uimh. 179 de 1999

9 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Táirgí de Bhunadh Plandaí, lena n-áirítear Torthaí agus Glasraí) (Leasú), 1999, IR Uimh. 458 de 1999

10 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Táirgí de Bhunadh Plandaí, lena n-áirítear Torthaí agus Glasraí) (Leasú), 2000, IR Uimh. 461 de 2000.

11 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Táirgí de Bhunadh Plandaí, lena n-áirítear Torthaí agus Glasraí) (Leasú), 2000, IR Uimh. 462 de 2000.

12 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Táirgí de Bhunadh Plandaí, lena n-áirítear Torthaí agus Glasraí) (Leasú), 2001, IR Uimh. 256 de 2001.

13 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Táirgí de Bhunadh Plandaí, lena n-áirítear Torthaí agus Glasraí) (Leasú), 2001, IR Uimh. 621 de 2001

14 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Táirgí de Bhunadh Plandaí, lena n-áirítear Torthaí agus Glasraí) (Leasú), 2002, IR Uimh. 535 de 2002

15 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Táirgí de Bhunadh Plandaí, lena n-áirítear Torthaí agus Glasraí) (Leasú), 2003, IR Uimh. 271 de 2003

16 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Táirgí de Bhunadh Plandaí, lena n-áirítear Torthaí agus Glasraí) (Leasú), 2003, IR Uimh. 384 de 2003

17 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Táirgí de Bhunadh Plandaí, lena n-áirítear Torthaí agus Glasraí) (Leasú), 2004, IR Uimh. 134 de 2004

18 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Táirgí de Bhunadh Plandaí, lena n-áirítear Torthaí agus Glasraí) (Leasú), 2004, IR Uimh. 231 de 2004

19 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Táirgí de Bhunadh Plandaí, lena n-áirítear Torthaí agus Glasraí) (Leasú), 2005, IR Uimh. 173 de 2005

20 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Táirgí de Bhunadh Plandaí, lena n-áirítear Torthaí agus Glasraí) (Leasú), 2005, IR Uimh. 551 de 2005

21 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Táirgí de Bhunadh Plandaí, lena n-áirítear Torthaí agus Glasraí) (Leasú), 2005, IR Uimh. 696 de 2005

22 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Táirgí de Bhunadh Plandaí, lena n-áirítear Torthaí agus Glasraí) (Leasú), 2005, IR Uimh. 266 de 2006

23 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Táirgí de Bhunadh Plandaí, lena n-áirítear Torthaí agus Glasraí) (Leasú), 2005, IR Uimh. 464 de 2006

24 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Táirgí de Bhunadh Plandaí, lena n-áirítear Torthaí agus Glasraí) (Leasú), 2005, IR Uimh. 107 de 2006

25 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Earraí Bia de Bhunadh Ainmhíoch), 1999, IR Uimh. 180 de 1999

26 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Earraí Bia de Bhunadh Ainmhíoch) (Leasú), 1999, IR Uimh. 460 de 1999

27 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Earraí Bia de Bhunadh Ainmhíoch) (Leasú), 2000, IR Uimh. 460 de 2000

28 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Earraí Bia de Bhunadh Ainmhíoch) (Leasú), 2000, IR Uimh. 249 de 2001.

29 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Earraí Bia de Bhunadh Ainmhíoch) (Leasú), 2000, IR Uimh. 620 de 2001

30 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Earraí Bia de Bhunadh Ainmhíoch) (Leasú), 2002, IR Uimh. 534 de 2002

31 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Earraí Bia de Bhunadh Ainmhíoch) (Leasú), 2003, IR Uimh. 270 de 2003

32 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Earraí Bia de Bhunadh Ainmhíoch) (Leasú), 2003, IR Uimh. 385 de 2003

33 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Earraí Bia de Bhunadh Ainmhíoch) (Leasú), 2004, IR Uimh. 118 de 2004

34 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Earraí Bia de Bhunadh Ainmhíoch) (Leasú), 2004, IR Uimh. 239 de 2004

35 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Earraí Bia de Bhunadh Ainmhíoch) (Leasú), 2005, IR Uimh. 698 de 2005

36 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Earraí Bia de Bhunadh Ainmhíoch) (Leasú), 2005, IR Uimh. 106 de 2006

37 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Earraí Bia de Bhunadh Ainmhíoch) (Leasú), 2005, IR Uimh. 259 de 2006

38 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Earraí Bia de Bhunadh Ainmhíoch) (Leasú), 2005, IR Uimh. 489 de 2006

39 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Gránaigh), 1999, IR Uimh. 181 de 1999

40 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Gránaigh) (Leasú), 1999, IR Uimh. 459 de 1999

41 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Gránaigh) (Leasú), 2000, IR Uimh. 459 de 2000

42 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Gránaigh) (Leasú), 2001, IR Uimh. 250 de 2001

43 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Gránaigh) (Leasú), 2001, IR Uimh. 622 de 2001

44 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Gránaigh) (Leasú), 2002, IR Uimh. 533 de 2002.

45 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Gránaigh) (Leasú), 2003, IR Uimh. 386 de 2003.

46 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Gránaigh) (Leasú), 2004, IR Uimh. 119 de 2004

47 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Gránaigh) (Leasú), 2004, IR Uimh. 240 de 2004

48 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Gránaigh) (Leasú), 2004, IR Uimh. 552 de 2005

49 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Gránaigh) (Leasú), 2005, IR Uimh. 697 de 2005

50 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Gránaigh) (Leasú), 2004, IR Uimh. 108 de 2006

51 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Gránaigh) (Leasú), 2004, IR Uimh. 260 de 2006

52 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Gránaigh) (Leasú), 2004, IR Uimh. 492 de 2006

53 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) 2005, I.R. Uimh. 654 de 2006

AGUISÍN II TREORACHA DE CHUID AN CE LENA SOCRAÍTEAR UASLEIBHÉIL IARMHAIR LOTNAIDICÍDÍ I dTÁIRGÍ TALMHAÍOCHTA

1 Treoir ón gComhairle dar dáta an 23 Samhain 1976 a bhaineann le huasleibhéil a shocrú d'iarmhair lotnaidicídí i dtorthaí agus i nglasraí agus ar thorthaí agus ar ghlasraí. (76/895/CEE) OJ Uimh. L340 de 9.12.1976,

agus Treoracha leasaithe -

79/700/CEE de 24 Iúil 1979	OJ Uimh. L207 de 15.8.1979
80/428/CEE de 28 Márta 1980	OJ Uimh. L102 de 19.4.1980
81/36/CEE de 9 Feabhra 1981	OJ Uimh. L46 de 19.2.1981
82/528/CEE de 19 Iúil 1982	OJ Uimh. L234 de 9.8.1982
88/298/CEE de 16 Bealtaine 1988	OJ Uimh. L126 de 20.5.1988
89/186/CEE de 6 Márta 1989	OJ Uimh. L66 de 10.3.1989
93/58/CEE de 29 Meitheamh 1993	OJ Uimh. L211 de 23.8.1993
Corrigendum ar 93/58/CEE	OJ Uimh. L219 de 24.8.1994
96/32/EC de 21 Bealtaine 1996	OJ Uimh. L144 de 18.6.1996
97/41/EC de 25 Meitheamh 1997	OJ Uimh. L184 de 12.7.1997
2000/24/EC de 28 Aibreán 2000	OJ Uimh. L107 de 04.05.2000
